NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment




# Tuarascáil Bhliantúil 2008

# FÍS

Glacfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ról lárnach maidir le córas oideachais den scoth a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a chuirfidh ar a gcumas a n-acmhainneacht iomlán a chomhlíonadh agus iad féin a ullmhú chun páirt rathúil a ghlacadh agus maith a dhéanamh sa tsochaí eacnamúil agus shibhialta, agus cur le forbairt na sochaí foghlama ag an am céanna.

# BUNCHUSPÓIR

Is é ról na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ná forbairtí i gcúrsaí curaclaim agus measúnachta a threorú agus tacú le cur chun feidhme na n-athruithe a bheidh mar thoradh ar an obair sin. Oibríonn an CNCM ar bhonn comhthola agus comhpháirtíochta. Féachann an Chomhairle le timpeallacht nuálach agus chruthaitheach a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí uile i scoileanna agus i suímh oideachasúla eile.

# CLÁR


Brollach agus Réamhrá 06

An Eagraíocht 10
- Maidir leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Fís agus Bunchuspóir
- Comhdhéanamh
- Foireann
- Coistí agus grúpaí oibre
- Airgeadas

Cuspóir Ardleibhéil 1 14

Cuspóir Ardleibhéil 2 22

Cuspóir Ardleibhéil 3 26

Cuspóir Ardleibhéil 4 31

Cuspóir Ardleibhéil 5 39

Cuspóir Ardleibhéil 6 43

Comhar le hearnálacha eile den chóras oideachais 52
- Cuspóirí Ardleibhéil 3 agus 6

Aguisíní 59
- Aguisín 1 – Feidhmeanna na Comhairle
- Aguisín 2 – Foireann
- Aguisín 3 – Liosta Cruinnithe Coistí 2008
- Aguisín 4 – Sleachta as na Ráitis Airgeadais

# BROLLACH AGUS RÉAMHRÁ



# BROLLACH

Baineann an Tuarascáil Bhliantúil seo leis an tríú bliain i dtréimhse pleanála straitéisí 2006-2008 de chuid an CNCM. Is ócáid í ní hamháin le súil a chaitheamh siar ar éachtaí na bliana seo, ach ar an méid atá bainte amach againn le trí bliana anuas. Is deis í seo freisin chun aitheantas a thabhairt d'obair na Comhairle seo ach go háirithe, a ceapadh i Márta 06 agus a bheidh críochnaithe i Márta 09.

Agus muid ag tarraingt ar ar dheireadh na tréimhse trí bliana seo, tá sé soiléir go bhfuil athrú mór tagtha ar an gcomhthéacs ina n-oibrímid i gcomparáid leis an gcomhthéacs a bhí i réim ag tús na tréimhse seo. Tá an timpeallacht eacnamaíochta a bhíodh ag fás agus leathnú athraithe ina thimpeallacht atá ag meath agus ag crapadh. Tá srian mór sa lá atá inniu ann ar an bhfáil fhorleathan a bhíodh againn ar acmhainní oideachais agus ar dheiseanna chun athrú oideachasúil a bhaint amach. Tá an chosúlacht ar an scéal go mbeidh an timpeallacht mhífhabhrach seo linn ar feadh tamaill eile.

Tá géarghá go mbeadh fiuchadh foinn agus soirbhíochas d'athruithe sa churaclam agus nach lagóidh é seo i gcomparáid leis an gcúlra de mheath eacnamaíochta atá againn i láthair na huaire. Le trí bliana anuas, tá an CNCM tar éis raon de thionscnaimh cheannródaíocha a chruthú a thiocfaidh faoi bhláth sna cúinsí eacnamaíochta géara sna blianta atá romhainn agus is féidir leo éifeacht thábhachtach a bheith acu ar chuid de na fadhbanna atá againn faoi láthair a leigheas. Ní mór Tionscadal Mata a lua anseo. Ní hamháin go bhfuil an tionscnamh seo ag déanamh athbhreithnithe ar an siollabas Matamaitice dara leibhéal ina iomláine ach an t-athbhreithniú a dhéanamh ar bhealach nua, ag baint leasa as rannpháirtíocht dhomhain le scoileanna agus múinteoirí i bpróiseas dearaidh agus forbartha an chúrsa. Tá tábhacht faoi leith mar sin ag na próisis iad féin sa Tionscadal Mata chomh maith le haschur an tionscadail. Léiríonn na próisis seo go bhfuil an CNCM tiomanta do bhealaí nua a aimsiú le dul i ngleic le scoileanna agus múinteoirí maidir leis an obair reatha ar athruithe curaclaim agus sa bhreis ar seo, chun clár oibre na bpríomhscileanna a fhorbairt chun an tSraith Shinsearach a leasú.

Sa todhchaí, beidh timpeallacht nua oideachais agus scolaíochta ag brath níos mó ar úsáid TFC.  Mar a léiríonn an tuarascáil seo, tá an CNCM ag déanamh dul chun cinn

suntasach faoi dhul i ngleic leis na príomhpháirtithe - múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, daltaí agus lucht déanta beartas - tríd úsáid a bhaint as TFC. Is rud dosheachanta agus inmhianaithe é go ndéantar forbairt ar an móiminteam seo sna blianta atá romhainn.

Ba mhór an onóir dom a bheith mar Chathaoirleach ar an gComhairle seo le trí bliana anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill ar fad as ucht a bhflaithiúlacht leis an tiomantas, comhghleacaíocht agus cuidiú go léir atá tugtha. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Leaschathaoirligh, Eilís Humphreys agus Catherine Byrne. Is mian liom aitheantas a thabhairt do shaineolas agus ghairmiúlacht fhoireann an CNCM agus mo bhuíochas pearsanta a ghabháil leis an Dr Anne Looney as an gceannasaíocht gan locht a bhíonn aici i gcónaí mar Phríomhfheidhmeannach na heagraíochta.

An tOll. Tom Collins
*Cathaoirleach*

# RÉAMHRÁ

Cúis áthais dom réamhrá Thuarascáil Bhliantúil 2008 a scríobh agus béim a chur ar líon na ngníomhaíochtaí agus an méid atá bainte amach ag an CNCM i gcaitheamh na bliana sin. Tá an Cathaoirleach tar éis forbairtí suntasacha straitéiseacha na Comhairle a lua, forbairtí iad seo ag a mbeidh éifeacht acu ar an gcur chuige oibre a bheidh ag an gComhairle sa todhchaí. I mo thuairim féin, ba mhaith liom roinnt forbairtí a chuir éileamh ar an eagraíocht go ginearálta agus go háirithe ar an bhfoireann, a lua.

Ar an gcéad dul síos, agus ba é an rud ba dhúshlánaí nuair a bhí ar chuid den fhoireann bogadh hoifigí eile i bPort Laoise i rith an tsamhraidh mar chuid de phróiseas díláraithe an rialtais. Cuireadh brú ar an bhfoireann solúbthacht agus cruthaitheacht a léiriú i bpleanáil, eagrú agus críochnú an aistrithe. Bhí orthu tabhairt faoi thascanna nach raibh bainteach le forbairt curaclaim chomh maith le cleachtais oibre agus próisis a atheagrú. Is mór an t-aitheantas é don fhoireann ar fad go raibh siad réidh le hoscailt ag tús mí Mheán Fómhair, go háirithe don ghrúpa gníomhaíochta díláraithe, á stiúradh ag Bill Lynch agus Denise Harris.

Ar an dara dul síos, caithfear aitheantas a thabhairt don fhorbairt atá tagtha ar an *CNCM fíorúil*. Tá an cathaoirleach tar éis aird a thabhairt ar éifeacht straitéiseach an bhealaigh nua seo, áit go mbíonn múinteoirí bainteach leis an bpróiseas athraithe agus athbhreithnithe. Ach chun tacaíocht a sholáthar do fhás an láithreáin gréasáin nua, ach go háirithe ar an gcuid ACTION de, bhí ar an bhfoireann scileanna nua a fhoghlaim, smaoineamh a dhéanamh ar bhealaí nua chun níos lú páipéar a úsáid agus níos mó leas a bhaint as meáin amhairc agus idirghníomhacha. Mar a bhí le feiceáil agus an fhoireann ag bogadh go Port Laoise, bhí solúbthacht agus cur chuige ar leith ag an bhfoireann, fianaise is ea seo gur féidir le státseirbhísigh athrú a dhéanamh agus an t-athrú sin a stiúradh agus buntáistí feiceálacha a bhaint amach!

Chomh maith le buíochas a ghabháil leis an bhfoireann as an éacht sin agus as na héachtaí eile a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil seo a bhaint amach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hainmnithe de chuid na rannpháirtithe oideachais a ghlacann páirt i gcoistí agus grúpaí oibre - mar oibrithe deonacha – agus le baill na Comhairle, á stiúradh ag an Ollamh Tom Collins, a thug a gcuid ama, léargais agus saineolais go fial mar thacaíocht ar na haidhmeanna agus na cuspóirí ó 2006-2008.



Dr Anne Looney
*Príomhfheidhmeannach*

# AN EAGRAÍOCHT

## FAOIN GCOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

Is Comhairle reachtúil í an CNCM agus é mar ról aici comhairle a thabhairt don Aire Oideachais agus Eolaíochta ar nithe atá bainteach leis an gcuraclam agus le measúnú ar an oideachas luath-óige agus do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna.

## FÍS

Leagtar ráiteas físe na Comhairle amach ina Plean Straitéiseach, 2006-2008:

> *Glacfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ról lárnach maidir le córas oideachais den scoth a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a chuirfidh ar a gcumas a n-acmhainneacht iomlán a chomhlíonadh agus iad féin a ullmhú chun páirt rathúil a ghlacadh agus maith a dhéanamh sa tsochaí eacnamúil agus shibhialta, agus cur le forbairt na sochaí foghlama ag an am céanna.*

## BUNCHUSPÓIR

Coimrítear cur chuige na Comhairle i leith a cuid oibre ina bunchuspóir:

> *Is é ról na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ná forbairtí i gcúrsaí curaclaim agus measúnachta a threorú agus tacú le cur chun feidhme na n-athruithe a bheidh mar thoradh ar an obair sin. Oibríonn an CNCM ar bhonn comhthola agus comhpháirtíochta. Féachann an Chomhairle le timpeallacht nuálach agus chruthaitheach a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí uile i scoileanna agus i suímh oideachasúla eile.*

## COMHDHÉANAMH

Is struchtúr ionadaíoch í an Chomhairle, agus is é an tAire Oideachais agus Eolaíochta a chinneann a comhaltas. Tagann an cúigear comhaltaí is fiche ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann múinteoirí, bainisteoirí scoile, tuismitheoirí, fostóirí, ceardchumann, oideachasóirí luath-óige, earnáil na Gaeilge agus lucht oideachas tríú leibhéal. I measc na gcomhaltaí eile tá ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus ainmní amháin

de chuid an Aire. Is í ballraíocht na Comhairle reatha, a ceapadh ar feadh téarma trí bliana go 31 Márta, 2009, ná:

| | |
|---|---|
| An tOllamh Tom Collins | Cathaoirleach |
| Catherine Byrne | Leaschathaoirleach |
| Eilís Humphreys | Leaschathaoirleach |
| Antoinette Buggle | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta |
| Oliver Donohoe | Comhdháil na gCeardchumann |
| Aidan Farrell | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Michael Freeley | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire |
| Declan Kelleher | Cumann Múinteoirí Éireann |
| Marion Lyon | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Iar-bhunscoileanna |
| John MacGabhann | Aontas Múinteoirí Éireann |
| An Dr Kenneth Milne | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann |
| Paddy Murchan | Cumann Bainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| Maria Murphy | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Bunscoileanna |
| Éamonn Murtagh | An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| Sheila Nunan | Cumann Múinteoirí Éireann |
| An Dr Barney O'Reilly | Cumann Gairmoideachais in Éirinn |
| Tomás Ó Ruairc | Foras na Gaeilge |
| Sheila Parsons | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire |
| Pat Quinn | Ainmní an Aire |
| Bernie Ruane | Aontas Múinteoirí Éireann |
| Eileen Salmon | Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha |
| Heino Schonfeld (go dtí an 6ú Samhain) | Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige |
| Frank Turpin | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| Paul P. Tyrrell | Comhchoiste na mBainisteoirí |
| An tOllamh Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |

Liostáiltear feidhmeanna na Comhairle in Aguisín 1.

## FOIREANN

Tá foireann feidhmiúcháin lánaimseartha ag an CNCM faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, an Dr Anne Looney, agus na Leas-Phríomhfheidhmeannach, John Hammond agus an Dr Sarah FitzPatrick. I dteannta chomhaltaí lánaimseartha na foirne tá foireann d'Oifigigh Oideachais páirtaimseartha a bhfuil saineolas ar leith acu agus a cheaptar ar bhonn iasachta nó coimisiúin don CNCM.

Tá sonraí na foirne lánaimseartha agus páirtaimseartha le fáil in Aguisín 2.

## NA COISTÍ AGUS GRÚPAÍ OIBRE

Cuireann an Chomhairle a cuid oibre ar aghaidh trí réimse coistí agus grúpaí oibre comhdhéanta de na heagraíochtaí a seasann ar an gComhairle agus ó ghníomhaíochtaí eile mar is cuí. Tá sonraí na gcoistí agus líon na gcruinnithe in Aguisín 3.

## AIRGEADAS

Is é an státchiste a mhaoiníonn an CNCM tríd an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE). Ba í €4.749m a cionroinnt sa bhliain airgeadais 2008.

Clúdaíonn na cistí a leithdháiltear ar an CNCM na nithe seo a leanas:

- tuarastail na foirne
- costais a bhaineann le foireann speisialtóireachta a fháil ar iasacht agus a choimisiúnú chun tacú le hobair na Comhairle
- forás gairmiúil
- foilseacháin, lena n-áirítear profaí, dearadh, grianghrafadóireacht, priontáil agus aistriúchán
- taighde
- costais chruinnithe na Comhairle agus a fochoistí, seomraí cruinnithe a chur ar cíos san áireamh, agus costais taistil agus cothabhála
- costais riaracháin cosúil le cothabháil agus trealamh oifige, stáiseanóireacht, postas, teileafón, cíos, soilsiú agus teas
- costais a bhaineann le comhdhálacha agus imeachtaí an CNCM
- cothabháil agus forbairt TFC
- idirghníomhú idirnáisiúnta, lena n-áirítear táillí ballraíochta le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós CIDREE (Consortium of Institutions for Development and Research in Education in Europe) agus AEA (Association for Educational Assessment, Europe)
- fógraíocht

Tá ráiteas mionsonraithe airgeadais faoi iamh in Aguisín 4 ar leathanach 63.

# CUSPÓIRÍ ARDLEIBHÉIL



# CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL 1

**Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí curaclaim agus measúnachta agus iad a choimeád faoi athbhreithniú chun cur le taithí foghlaimeoirí ag gach leibhéal cumais, lena n-áirítear foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, foghlaimeoirí a bhfuil sárchmas acu, foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus foghlaimeoirí nach í a gcéad teanga an Béarla ná an Ghaeilge, agus soláthar a dhéanamh dá riachtanais foghlama sa 21ú aois.**

## Straitéis 1.1 Creat a fhorbairt mar thacaíocht d'Oideachas Luath-Óige

### Tugtha chun críche in 2008

Tugadh Cuid 2 den *Chreat don Luath-Fhoghlaim* chun críche. Bhain an chuid seo le treoirlínte a fhorbairt ar luathfhoghlaim agus fhorbairt leanaí agus iad a thacú trí idirghníomhú, shúgradh agus mheasúnacht.

Rinneadh Treoir d'úsáideoirí a fhorbairt chun forléargas ar an gCreat a thabhairt do thuismitheoirí, fheighlithe leanaí agus chleachtóirí, agus chun léiriú a thabhairt ar an mbealach ar féidir an Creat a úsáid i dteannta *Síolta* (2006) agus *Curaclam na Bunscoile* (1999).

*Táim díreach i ndiaidh súil a chaitheamh ar na luachálacha agus tá siad go léir deimhneach. Tá gach aon duine ag labhairt faoi ché chomh maith is atá an creat...*
**Noreen McGovern, Coiste Cúram Leanaí Chontae an Chabháin**

*Comhghairdeas leat agus leis an bhfoireann ar an gCreat a thabhairt ar aghaidh ag an staid seo agus treoirlínte fiúntacha a chur ar fáil. Chuaigh an doiciméad i bhfeidhm orainn agus is breá linn é.*
**Martina Murphy, Bainisteoir Suímh Luath-Óige, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath**

*Bhain mé an oiread suilt as an aguisín acmhainní don súgradh...Ba chóir go mbeadh an liosta seo ag gach múinteoir naíonáin láithreach bonn! Cheap mé go raibh tairbhe ag baint leis na gníomhaíochtaí samplacha agus iad réalaíoch, cabhrach, ábhartha, suimiúil agus praiticiúil freisin. Ar fheabhas ar fad le smaointe iontacha a bheadh na páistí in ann an oiread sin a fhoghlaim astu, agus iad curtha i bhfeidhm.*
**Deirdre O'Donnell, Múinteoir Naíonán, Co. na Gaillimhe**

*Comhghairdeas le gach duine a bhí páirteach! Boscaí athbhreithniúcháin iontacha, tá na heiseamláirí foirfe chun aird a thabhairt ar na pointí atá á dhéanamh, ach go háirithe an chaoi go bhfuil samplaí ann do gach aon leibhéal (babaithe, lapadáin agus páistí óga).*
**Leona Twiss, Múinteoir Bunscoile, Co. Chiarraí**

## Straitéis 1.2 Leanúint ar aghaidh leis an athbhreithniú leanúnach ar Churaclam na Bunscoile chun riachtanais na múinteoirí agus na leanaí a bhaineann feidhm as Curaclam na Bunscoile a aithint agus a chomhlíonadh

### Tugtha chun críche in 2008

Tugadh Céim 2 den athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile chun críche. Bhí an chéim seo dírithe ar an nGaeilge, eolaíocht agus OSPS.

Foilsíodh an tuarascáil deiridh agus achoimre fheidhmiúcháin an athbhreithnithe.

Rinneadh bileog do scoileanna a fhorbairt agus a scaipeadh a léirigh príomhtheachtaireachtaí an athbhreithnithe agus an chaoi ina mbeidh an CNCM á fhreagairt.

## Straitéis 1.3 Tionscadail a thosú agus a fhorbairt atá i gcomhréir le Curaclam na Bunscoile agus bunaithe ar thorthaí Athbhreithniú Churaclam na Bunscoile

### Tugtha chun críche in 2008

Cruthaíodh líonra bunscoile chun fiosrúchán a dhéanamh agus freagraí a mhúnlú ar thorthaí na dara céime d'Athbhreithniú Churaclam na Bunscoile. Bhí an chéad shraith chruinnithe de chuid an líonra mheasúnachta, ina bhfuil 17 scoil, ar siúl i mí na Samhna.

*Chuir an seisiún (faisnéise) ar an eolas mé go bhfuil níos mó ag baint le measúnú ná teist litriú ar an Aoine nó an Micra-T i mí na Bealtaine.*
**Príomhoide Teagaisc**

## Straitéis 1.4 Deimhin a dhéanamh de go bhfuil treoir agus comhsheasmhacht ag baint le forbairtí faoi leith sa tsraith shóisearach trí dheimhin a dhéanamh de gur cuid iad de chomhthéacs oideachais níos leithne

### Tugtha chun críche in 2008

Tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin, rinneadh athchothromú ar na siollabais sa ceoil, san ealaín, sa cheardaíocht agus dearadh, san eacnamaíocht bhaile, sa stair agus sa Bhéarla. San áireamh anseo, baineadh úsáid as freagraí ar líne, sraith chruinnithe le múinteoirí, tuismitheoirí, bainistíocht na scoile agus le scoláirí.

*Beidh éifeacht mhór ag an siollabas athchothromaithe seo ar fhorualach a laghdú agus cuirim fáilte mhór roimh an athrú seo sa siollabas.*

**Múinteoir Ceoil sa chomhairliúchán**

## Straitéis 1.5 Leas a bhaint as an athbhreithniú a rinneadh ar an tsraith shinsearach oideachais chun clár forbartha curaclaim agus measúnachta a chur i gcrích

### Tugtha chun críche in 2008

Rinneadh dréacht siollabais a thabhairt chun críche sa bhitheolaíocht, sa cheimic agus san fhisic.

Tar éis phróiseas chomhairliúcháin, rinneadh dréachtsiollabas a chríochnú sa pholaitíocht agus an tsochaí atá mar ábhar nua.

Críochnaíodh dhá ghearrchúrsa i bhfiontraíocht agus sa tsíceolaíocht.

Rinneadh idiraonaid nua a fhorbairt agus a réiteach le húsáid ar bhonn trialach i scoileanna.

Foilsíodh ráiteas eolais do scoileanna agus mhúinteoirí agus seoladh é ag gach scoil ag léiriú an dul chun cinn déanta i bhforbairtí na sraithe sinsearaí.

Foilsíodh tuarascáil eatramhach ar an idirlíon den tionscadal phríomhscileanna a rinneadh le scoileanna.

*Tá éifeacht ag an bpolaitíocht ar an saol laethúil, ach ó am go chéile, ní thuigimid cuid mhór den pholaitíocht. Éiríonn an pholaitíocht leadránach uaireanta mura dtuigeann tú í. Ní labhraíonn an t-aos óg faoin bpolaitíocht go nádúrtha agus mar sin de, tá fóram ag teastáil chun go labhrófaí faoin bpolaitíocht ar scoil.*
**Ball de Fhócasghrúpaí do dhaltaí sa chomhairliúchán ar Pholaitíocht agus an tSochaí**

*Is rud iontach é na hidiraonaid a scríobh toisc go gcabhraíonn sé le fócas a choinneáil agus a bheith soiléir faoi d'aidhmeanna.*
**Pat Faye, Múinteoir Idiraonaid**

*Ag leibhéal forbartha gairmiúil, is iontach an rud é an t-idiraonad a scríobh le comhghleacaí toisc go raibh ort rudaí a fheiceáil ó dhearcadh eile.*
**Mary-Rose Dowling, Múinteoir Idiraonaid**

*Thug mé faoi deara go bhfuil próiseas na foghlama níos éifeachtaí má tá na scileanna seo curtha i bhfeidhm agat agus tá sé seo fíoraithe ó na daltaí a scrúdú. Tá modheolaíochta nua freagrach as próiseas foghlama níos fearr a chruthú.*
**Múinteoir Matamaitice**

## Straitéis 1.6 Déan mar a moladh sna hathbhreithnithe móra sna réimsí sin den churaclam a bhaineann le treoir, matamaitic, na hábhair chlasaiceacha agus teangacha (Gaeilge, Béarla agus nua-theangacha), agus iad a bheith de réir na n-athbhreithnithe ar an tsraith sóisearach agus ar an tsraith sinsearach.

### Tugtha chun críche in 2008

Rinneadh athbhreithniú agus coigeartú ar shiollabais Ghaeilge an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta agus ar na scrúduithe a bhí bainteach leo, toisc go bhfuil níos mó béime ar ábaltacht daoine óga i labhairt na teanga le hinniúlacht agus muinín níos fearr astu féin.

Obair a dhéanamh le hiar-bhunscoileanna ar bhealach leis an Dréacht-Chreat Curaclaim um Threoir a thabhairt isteach go héifeachtach agus ansin é a bheith curtha i dtuarascáil ina bhfuil torthaí na tuarascála sin in úsáid le dréacht deiridh den chreat a réiteach agus le bheith curtha i ngníomh.

Réitíodh siollabas nua sna clasaicí sa Teastas Sóisearach, le haghaidh comhairliúcháin. Déanann an siollabas seo an léann clasaiceach, Laidin agus sean-Ghréigis a chur le chéile in aon chúrsa comhtháite amháin agus roinnt roghanna ann chun staidéar a dhéanamh ar shibhialtacht chlasaiceach agus ar theangacha clasaiceacha.

## Straitéis 1.7 Athbhreithniú ar staid na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta i gcomhthéacs na bhforbairtí sa tsraith shinsearach san iomlán

### Tugtha chun críche in 2008

Críochnaíodh an dara céim de thaighde na hInstitiúide um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) a bhain le rannpháirtíocht agus dul chun cinn san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá an taighde seo ar an gcéad chineál taighde córasach agus fairsing atá á dhéanamh ar phróifíl na ndaltaí atá páirteach sa chlár agus ar cad a dhéanann siad nuair a fhágann siad an scoil. Bhain an dara céim le hagallaimh dhoimhne ar bheatha na ndaoine óga a rinne an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Foilseofar tuarascáil ar an taighde in 2009.

*D'éirigh leat caidreamh níos fearr a bhunú le níos mó daoine, toisc nach raibh ort a bheith i do shuí sa rang agus éisteacht le duine ag labhairt don lá ar fad, an bhfuil a fhios agat, bhí tú in ann dul i lánpháirtíocht le daoine agus d'éirigh leat níos mó cairde a dhéanamh ar an gcaoi sin, d'fhoghlaim mé níos mó, má thuigeann tú leat mé?*
**Mac léinn 25 bliana d'aois ag cuimhneamh ar an am a chaitheadh i mbun LCA**

*I bpáirtíocht liomsa de, d'fhoghlaim mé níos mó sa bhliain sin ná mar a d'fhoghlaim mé i leathbhliain de ghnáthscoil. Bhí tú ag foghlaim faoi rudaí difriúla...ní raibh sé dírithe ar mhatamaitic agus é seo agus é siúd, foghlaimíonn tú go leor faoi...conas labhairt le daoine, litreacha a scríobh agus a leithéid, rudaí iad seo atá in úsáid agam inniu agus déanann siad difríocht fós sa saol oibre.*
**Mac léinn 25 bliana d'aois ag cuimhneamh ar an am a chaitheadh i mbun LCA**

## Straitéis 1.8 Creat iomlán TFC don oideachas éigeantach

### Tugtha chun críche in 2008

Rinneadh deich ngníomhaíocht shamplacha a uaslódáil chuig láithreán gréasáin ACTION chun Leibhéil 1 agus 2 den Chreat TFC a léiriú. Forbraíodh na gníomhaíochtaí samplacha i mbunscoileanna ag a bhfuil Dámhachtain Digiteach faighte acu ón NCTE.

*Bhí mé an-sásta leis an leagan amach atá ar láithreáin gréasáin ACTION. Is mór an phléisiúir dom é féachaint ar na grianghraif mhaithe d'ardchaighdeán agus tá an leagan amach soiléir. Bhí suim faoi leith agam sna pleananna do ranganna Sóisearacha, toisc go bhfuil sé deacair ábhar feiliúnach a aimsiú d'úsáid an idirlín do rang a dó mar shampla. Déantar machnamh ceart faoin ábhar atá sna leabhair mhóra agus, mar is gnáth, is maith an rud é treoracha a fháil do na daltaí atá níos ábalta.*

**Elanor Ruddy, SN Naomh Colmcille, Baile Átha Cliath**

# CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL 2

**Leanúint leis an obair chun straitéisí measúnachta a fhorbairt a bhainfidh leas as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a chuirfidh riachtanais foghlama an duine aonair san áireamh agus a chabhróidh sa chaoi sin chun taithí foghlama a phleanáil d'fhoghlaimeoirí uile.**

## Straitéis 2.1 Dul chun cinn a dhéanamh maidir le measúnú i gCuraclam na Bunscoile a fhorbairt

### Tugtha chun críche in 2008

Scaipeadh cóipeanna de *Mheasúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (2007) ar gach bunscoil i mí Eanáir/ Feabhra.

Foilsíodh cóip de na treoirlínte ar féidir brabhsáil a dhéanamh uirthi ar láithreán gréasáin an CNCM.

Cuireadh bileoga eolais faoi thástáil chaighdeánach ar fáil le híoslódáil ón idirlíon chun tacú le scoileanna agus le tuismitheoirí eolas faoin bpróiseas measúnaithe a roinnt.

Mar fhreagra ar thorthaí an Athbhreithnithe ar Churaclam na Bunscoile (Céim 2) cruthaíodh líonra de 17 scoil ag obair ar mheasúnú mar chuid de líonra na mbunscoileanna. Déanfaidh an líonra seo fiosrúchán agus múnlú ar fhreagraí ar na dúshláin aitheanta in athbhreithniú an churaclaim.

Mar fhreagra breise ar na dúshláin sa mheasúnú aimsithe ag múinteoirí in athbhreithniú an churaclaim, cuireadh an chéad seit i sraith fhíseán ranga ar láithreán gréasáin ACTION mar thacaíocht le cuir chuige éagsúla i Measúnú chun Foghlama.

*Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leat agus le do chomhghleacaithe faoi 'Measúnú i gCuraclam na Bunscoile'. Bhí osnaí faoisimh le cloisteáil nuair a tháinig sé chun na scoile seo againne. Bhí sé déanach ach más mall is mithid. Measaim gurb é sin an doiciméad is tarraingtí agus is áisiúla don mhúinteoir a tháinig chun na scoile seo againne le fada an lá.*

**An Dr Rosalyn Brady, Bunscoil Naomh Iósaf, Dún Dealgan**

## Straitéis 2.2 Tacú le cleachtas um measúnú i suímh luath-óige

### Tugtha chun críche in 2008

Rinneadh an páipéar '*Supporting children's early learning and development through formative assessment*', a thabhairt chun críche. Leagann an páipéar seo cuid den teoiric, taighde agus chleachtas chun eolas a sholáthar do *Creat don Luath-Fhoghlaim*.

Críochnaíodh na treoirlínte ar úsáid a bhaint as measúnú chun tacaíocht a thabhairt do luath-fhoghlaim agus luath-fhorbairt.

## Straitéis 2.3 Teimpléid le haghaidh cártaí tuairisce náisiúnta a fhorbairt do bhun-scoileanna le cabhrú leo tuairiscí a thabhairt do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn a gcuid leanaí

### Tugtha chun críche in 2008

Críochnaíodh an tuarascáil deiridh den tionscadal forbartha scoilbhunaithe ar thuairiscí a thabhairt do thuismitheoirí.

Foilsíodh an tuarascáil taighde, *Reporting to Parents in Primary School: Communication, Meaning and Learning*, ar láithreán gréasáin an CNCM. Foireann a raibh an tOllamh Kathy Hall ó UCC i gceannas uirthi a rinne an taighde.

Cuireadh teimpléid chártaí tuairisce ar fáil chun íoslódáil ó láithreán gréasáin an CNCM i mí na Bealtaine.

*Táim ag baint úsáide faoi láthair as ceann de na teimpléid chártaí tuairisce do chruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí agus tá meascán maith ann idir ticeanna agus ráitis. Comhghairdeas leis an bhfoireann.*

**Margaret Maxwell, Múinteoir Bunscoile**

## Straitéis 2.4 Torthaí an Tionscnaimh um Measúnú chun Foghlama a scaipeadh mar chuid d'athbhreithniú na sraithe sóisearaí

### Tugtha chun críche in 2008

Foilsíodh deich n-eiseamláir d'obair a rinne daltaí chomh maith le haiseolas múinteora ar láithreán gréasáin an CNCM mar chuid den ghealltanas chun samplaí a sholáthar de chur chuige Measúnú chun Foghlama.

## Straitéis 2.5 Uirlisí measúnaithe a fhorbairt mar thacaíocht don Chreat TFC

### Tugtha chun críche in 2008

Bhí an obair seo fo-ghlactha in obair níos leithne ar mheasúnú agus san áireamh leis an obair rinneadh *Measúnú gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* a fhoilsiú agus an phleanáil do shnáithe an Líonra Bunscoile ag obair ar mheasúnú.

## Straitéis 2.6 Moltaí a chur chun cinn chun réimse modhanna agus cur chuige measúnaithe a úsáidtear in oideachas na sraithe sinsearaí a leathnú mar chuid d'fhorbairtí na sraithe sinsearaí

### Tugtha chun críche in 2008

Forbraíodh moltaí le haghaidh bealaí nua measúnachta le cur sna dréachtsiollabais sna hábhair eolaíochta agus sa pholaitíocht agus an tsochaí. Tá siad á n-ullmhú le húsáid le scoileanna.

# CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL 3

**Tacú le hathruithe i gcúrsaí curaclaim agus measúnachta sna scoileanna agus in ionaid eile oideachais agus feabhas a chur orthu, agus a bheith inár gceannródaithe maidir le comhairle a sholáthar i dtaobh riachtanais forbartha gairmiúla múinteoirí.**

## Straitéis 3.1 Dlúth-idirchaidreamh a choinneáil ar siúl leis na seirbhísí tacaíochta a oibríonn le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna agus le múinteoirí, agus le gníomhaireachtaí in earnáil na luath-óige, agus le soláthraithe réamhsheirbhísí agus forbairt gairmiúil in earnáil an oideachais.

### Tugtha chun críche in 2008

Thacaigh an CNCM le hobair Chlár Tacaíochta do Churaclam na Bunscoile (CTCB) sna seimineáir agus cruinnithe náisiúnta a tugadh do mhúinteoirí faoi thástáil chaighdeánach agus faoin mheasúnú. Thacaigh an CNCM freisin le hobair na Seirbhíse Forbartha Gairmiúil do Bhunscoileanna (PPDS) atá nuabhunaithe.

Ghlac foireann an CNCM páirt in obair na Seirbhíse Tacaíochta don Oideachas Speisialta (SESS) tríd Coiste Comhairleach SESS.

Tríd an bhaint atá aici le coistí bainistíochta, thacaigh an CNCM le hobair na seirbhíse tacaíochta ag an dara leibhéal chomh maith leis na seirbhísí tacaíochta d'ábhair faoi leith. Bhí ról lárnach ag an CNCM i gcoistí bainistíochta Thionscadal Mata, bhí foireann an CNCM ag obair i ndlúthchomhphairtíocht le Foireann Fhorbartha Thionscadal Mata ag tabhairt tacaíochta do mhúinteoirí sa 24 scoil a ghlac páirt ann.

Thacaigh an CNCM le hobair an Lárionaid Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (CECDE) trí Choiste Comhairliúcháin an Lárionaid, agus thacaigh siad leis an réamhobair le haghaidh na Straitéise Náisiúnta Oiliúna um Chúram Leanaí tríd an bhFoghrúpa um Chaighdeáin san Earnáil.

Thacaigh an CNCM le hobair an líonra de choistí cúram leanaí i gcontaetha agus sna cathracha tríd cur i láthair a dhéanamh ag cruinniú náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair agus cainteanna a thabhairt i gcruinnithe áitiúla na gcleachtóirí.

D'oibrigh an CNCM i gcomhar leis an tionscnamh Forfás/Discover Science and Engineering i bhforbairt an tionscadail *Discovering Sensors* d'eolaíocht an Teastais Shóisearaigh.

## Straitéis 3.2 Leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas a bunaíodh le déanaí le hoibriú go díreach le scoileanna agus le hionaid eile oideachais maidir le próiseas athbhreithnithe agus forbartha curaclaim agus measúnachta

### Tugtha chun críche in 2008

Críochnaíodh obair ar thionscadal GOALL, tionscadal comhoibritheach le Coláiste Phádraig, Droim Conrach, ar úsáid teicníochta Measúnú chun Foghlama - AfL - i rang a 2 sna ranganna Béarla i scoil i gContae Lú. Tá an taithí a bheith páirteach sa tionscadal seo in úsáid anois chun Líonra Bunscoile um measúnú a phleanáil agus a bhunú. Is é cuspóir an líonra measúnachta ná úsáid a bhaint as teicnící AfL i ngach réimse ábhair agus samplaí oibre a bhailiú le haiseolas agus ráiteas múinteora agus iad a bheith foilsithe ar ACTION.

Críochnaíodh pleanáil, obair dhearaidh agus réiteach don tionscadal FÓN (Foghlaim ón Nuatheicneolaíocht). Tháinig FÓN, atá sa dara chéim den obair anois, i gcomharbas ar thionscadal MALL 2007. Tosaíodh ar an obair le 420 dalta sa dara bliain/deichiú bliain agus 14 múinteoir i sé scoil thrasteorann ar theileafóin phóca agus ríomhairí gréasánacha a chomhtháthú i bhfoghlaim agus measúnú na Gaeilge.

San áireamh sa leagan deiridh den dearadh córais rinneadh sonraíochtaí an bhogearra a shainiú, rinneadh taifead ar ghlórtha daoine cáiliúla ag cur ceisteanna leide agus forbraíodh láithreán gréasáin nua chun tacaíocht a thabhairt do scaipeadh eolais idir pobal agus múinteoirí (http://foghlaim.edublogs.org).

*Ba í seo an bhliain ab fhearr a bhí agam riamh mar mhúinteoir agus b'iontach an bhliain í ag na páistí freisin.*
**Múinteoir i scoil tionscadail GOALL**

*Tá mo chleachtas athruithe an oiread sin, ní féidir liom an t-athrú a chreidiúint.*
**Múinteoir i scoil tionscadail GOALL**

*Tá an scoil ar fad ag labhairt fúinn, Tá gach aon duine ag labhairt faoi 10J agus a gcuid fón. Tá aiseolas deimhneach faighte againn ó thuismitheoirí inniu. Bhí gach duine ar líne oíche aréir ag a 7.00. Bhí siad agam don chéad rang ar maidin agus bhí siad fós ar bís. B'iontach an rud é iad a fheiceáil chomh díograiseach.*

*Tá siad díograiseach faoin tionscadal. Gach oíche bíonn an chuid is mó acu ag déanamh seisiúin amháin nó dhá sheisiún. Tá 'Mé féin' críochnaithe againn anois agus d'éirigh go maith leis.*
**Múinteoirí an Tionscadail**

*Tá iarracht déanta ag na daltaí a marcanna a fháil ar líne ón mbaile cheana féin, rud atá go maith dóibh féin agus beidh tuismitheoirí in ann páirt a ghlacadh anseo agus na pointí deimhneacha a fheiceáil freisin.*
**Múinteoirí an Tionscadail**

Dhírigh tionscnamh na bpríomhscileanna in 2008 ar ghníomhaíochtaí a fhorbairt i bhfoghlaim agus múineadh na bpríomhscileanna. Foilsíodh dréacht-tuarascáil eatramhach ar an idirlíon den tionscadal príomhscileanna chomh maith le huirlisí athmhachnaimh. Rinne dhá scoil na príomhscileanna a chur i bhfeidhm sa scoil ar fad.

Thug dhá mhúinteoir cur i láthair ar a scéalta féin ar mhúineadh agus foghlaim príomhscileanna ag Comhdháil Quest i gCeanada i mí na Samhna a bhí eagraithe ag an York Region District School Board.

*Táimid i bhfad níos oscailte mar gheall ar an gcultúr nua seo. Tháinig mo chomhghleacaí ar cuairt ag an rang dhá uair an téarma seo, thug mé féin cuairt ar a rang agus anois, aithnímid gur acmhainn muid agus gur féidir linn é seo a úsáid chun feabhas a chur lenár gcuid múinteoireachta.*
**Natalie O'Neill, Múinteoir Príomhscileanna**

*Tá mo dhaltaí ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha anois agus ní iarrann siad orm faoi na freagraí ar fad.*
**Siobhán Coughlan, Múinteoir Príomhscileanna**

*Bhí teacht na bpríomhscileanna ar cheann de na rudaí is fearr a tharla don scoil seo riamh. Tá na múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí ar fad ag labhairt faoin bhfoghlaim.*
**Pat Power, Príomhoide Scoile**

*Nuair a iarrann dalta ar a múinteoir Tíreolaíochta an mbeadh príomhscileanna áisiúil don Tíreolaíocht toisc go bhfuil siad ag obair di sa Bhéarla, tá rud éigin suntasach ar siúl. Labhraíonn siad faoin bhfoghlaim in ábhar amháin agus é a nascadh le hábhar eile agus é seo á dhéanamh acu, tá siad sa tóir ar athruithe a lorg agus a chur i bhfeidhm inár scoil, nach é seo an chuid is fearr d'éifeachtachta pearsanta?*
**Karen Mcloughlin, Múinteoir Príomhscileanna**

*Tá spraoi le baint ón rang anois, bím ag tnúth leis an rang. Imíonn an t-am go sciobtha agus tuigim an méid atá ar siúl agam, cabhraíonn an cineál foghlama seo le rudaí a choinneáil i do chuimhne.*
**Dalta Príomhscileanna**

*Is iontach an rud é aiseolas a fháil ónar bhfoireann féin faoin rud atá ag obair dóibh féin go pearsanta, bím spreagtha ag deireadh an lae.* **Mary Morgan, Príomhoide Scoile**

*Tá an obair seo riachtanach dár ndaltaí, ba chóir go mbeadh ionchur acu san obair a dhéanann siad sa tsraith shinsearach.* **Michael O'Mahony, Múinteoir Príomhscileanna**

## Straitéis 3.3 Idirchaidreamh a choinneáil ar siúl le Cigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit mar fhoinse thábhachtach faisnéise faoi athbhreithniú agus forbairt curaclaim agus measúnachta

### Tugtha chun críche in 2008

Lean an CNCM de bheith ag obair go dlúth leis an SEC trí chruinnithe rialta a bheith acu de bhuanchoiste CNCM/SEC ar shaincheisteanna a bhaineann le scrúduithe agus leis an Aonad Beartas um Cháilíochtaí, Churaclam agus Mheasúnacht den Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Bhí idirchaidreamh freisin leis an Roinn Idirnáisiúnta den DES agus leis an Aonad Beartas Lárnaigh

## Straitéis 3.4 Cuidiú le bainistiú agus obair na seirbhísí ábharthacha tacaíochta

### Tugtha chun críche in 2008

Ghlac an CNCM páirt i mbainistíocht ar Fhorbairt Ceannaireachta do Scoileanna, chomh maith leis an obair atá thuasluaite i 3.1.

## Straitéis 3.5 Treoirlínte a fhorbairt agus a fhoilsiú, lena n-áirítear treoirlínte gréasánbhunaithe, mar thacaíocht do chur i bhfeidhm na n-athruithe i gcúrsaí curaclaim agus measúnachta

### Tugtha chun críche in 2008

Foilsíodh leagan de *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* ar féidir brabhsáil a dhéanamh air ar an idirlíon.

# CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL 4

**Leanúint ag soláthar d'oideachas na bhfoghlaimeoirí uile, leis an gcaighdeán rochtana agus rannpháirtíochta, agus gnóthú torthaí do gach duine, a fheabhsú.**

## Straitéis 4.1 Curaclam, measúnacht agus teistiúchán a fhorbairt chun riachtanais mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu a chomhlíonadh

### Tugtha chun críche in 2008

Críochnaíodh dréacht-tuarascáil ar aiseolas faighte ar *Exceptionally Able Students: Draft guidelines for Teachers* agus foilsíodh an tuarascáil sin ar láithreán gréasáin an CNCM.

Bhí an chéad chruinniú den ghrúpa saineolaithe don Consortium of Institutions for Development and Research in Education in Europe (CIDREE) i mBaile Átha Cliath. Tá an grúpa seo ag obair ar thionscadal comhoibritheach dar teideal *dearadh curaclaim le húsáid sa seomra ranga lárshrutha do dhaltaí sárchumais.*

Críochnaíodh dréacht plépháipéar ar *Junior Cycle Curriculum framework for students with special educational needs.* Bunaíodh grúpa de chleachtóirí oideachais chun obair a threorú ar an gcreatcuraclam sin. Cruthóidh an grúpa seo réimse de chláir fhoghlama samplacha i gcásanna éagsúla.

## Straitéis 4.2 Tacú le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna chun déileáil le riachtanais na mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu

### Tugtha chun críche in 2008

Rinneadh físeán gairid a tháirgeadh a léiríonn an bealach is fearr chun nascleanúint a dhéanamh agus rochtain a fháil ar leagan CD-ROM de *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí faoi Míchumais Ghinearálta Foghlama* agus tá fáil air ar láithreán gréasáin an CNCM.

*Ní mór a lua go raibh scór ar an scála éifeachtúlachta d'oideachas speisialta i bhfad níos airde dóibh siúd a úsáid na treoirlínte i gcomparáid leo siúd nach raibh eolas acu ar na treoirlínte, nó nár bhain úsáid astu. Bhí éifeacht mhór freisin ag úsáid na dtreoirlínte ar an scór d'éifeachtúlacht phearsanta an mhúinteora, rud a thug le fios go bhfuil na deacrachtaí luaite agus aitheanta ag múinteoirí, cosúil le difreáil, eolas ar riachtanais an dalta, cur chuige agus straitéisí, measúnacht agus pleanáil tacaithe go láidir agus rochtain acu ar na treoirlínte.*

**Margaret O' Donnell, taighdeoir**

## Straitéis 4.3 Ábhair a sholáthar do thuismitheoirí leanaí bunscoile a sholáthraíonn faisnéis faoin gcuraclam, agus a léiríonn conas is féidir le tuismitheoirí tacú le hobair na scoile chun Curaclam na Bunscoile a chur i bhfeidhm

### Tugtha chun críche in 2008

Cruthaíodh bileog eolais do thuismitheoirí a bhí bainteach le foilsiú Teimpléid Chártaí Tuairisce a mhínigh príomhthréithe na dtuarascálacha scríofa agus na téarmaí atá in úsáid go rialta ar na cártaí tuairisce. Is féidir na bileoga a íoslódáil i mBéarla, Gaeilge, Fraincis, Polainnis agus i Liotuáinis ó láithreán gréasáin an CNCM.

Rinneadh athchóiriú ar an gcuid de láithreán gréasáin an CNCM a bhain le hEolas do Thuismitheoirí chun go mbeadh sé níos fusa t-eolas feiliúnach a aimsiú. Tugadh 142 cuairt ar Eolas do Thuismitheoirí sa cheathrú deiridh de 2008 i ndiaidh an athchóirithe. Cuir é sin i gcomparáid le 65 cuairt ar na leathnaigh do thuismitheoirí ar an mbunláithreán sa chéad cheathrú.

Cuireadh dhá bhileog leide leis an suíomh do thuismitheoirí na bpáistí bunscoile. Tugtar *Conas cabhrú le do pháiste tosú ag léamh agus ag scríobh* agus *Ag cuidiú le do pháiste óg leis an matamaitic* ar na bileoga seo.

Tá leagan ar líne de DVD do thuismitheoirí dar teideal *Foghlaim Páistí sa Bhunscoil: Céard, Cén fáth agus Conas* foilsithe ar an láithreán gréasáin. Tá an DVD ar fáil ar an láithreán gréasáin i gcúig cinn de theangacha; Gaeilge, Béarla, Polainnis, Fraincis agus Liotuáinis.

*Bhain mé tairbhe as an liosta bealaí le mo pháiste a ghríosú chun leabharlann a úsáid, úsáid mhaoirsithe a bheith i bhfeidhm ar an idirlíon agus léitheoireacht i gcomhpháirt a dhéanamh ach go háirithe sa samhradh.*
**Tuismitheoir, Luimneach**

*Thug mé faoi deara go raibh na príomh-éachtaí an-dearfach. Is maith an rud é ráitis mhaithe a léamh faoi mo pháiste.*
**Tuismitheoir, Baile Átha Cliath**

*Díol spéise dom fios a bheith agam faoin gcabhair ar féidir liom a thabhairt do mo mhac agus é ag dul isteach i rang a 4.*
**Tuismitheoir, Baile Átha Cliath**

*Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh libh don chur i láthair d'ábhar do thuismitheoirí ar bhur láithreán gréasáin.*
**Susan Butler, Tuismitheoir, Baile Átha Cliath**

## Straitéis 4.4 Cuir le rochtain fheabhsaithe, le rannpháirtíocht agus le torthaí an oideachais iar-bhunscoile trí obair ar churaclam agus ar mheasúnú do mhic léinn a scoitheann ón gcóras oideachais, agus atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil

### Tugtha chun críche in 2008

Tá creat curaclaim do Leanaí faoi Choinneáil nó faoi Chúram (CiDC) críochnaithe tar éis comhairliúcháin le príomhoidí, múinteoirí, oibrithe cúram leanaí, gairmithe sláinte agus daltaí. Tá cóipeanna den chreat agus na treoirlíne chomh maith le sracphlean gníomhaithe tionscnaimh curtha ar aghaidh chuig an DES.

Tá an creat ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM.

Tá treoirlínte ar an mbealach is fearr leis an gcreat a úsáid agus a chur i bhfeidhm críochnaithe. Tá forbairt na dtreoirlínte áirithe seo tar éis deis a thabhairt do scoileanna atá páirteach na cláir reatha a scrúdú agus machnamh a dhéanamh ar athruithe bunaithe ar an méid atá sa chreat.

Chun tacú le cur i bhfeidhm an chreata, tá bileog eolais ar an gcreat agus na treoirlínte deartha le scaipeadh san earnáil.

*Caithfear go mbeadh solúbthacht éigin ag baint leis an gcuraclam agus é a bheith feiliúnach do thréimhse na pianbhreithe. Tugann an creat seo cead don tsolúbthacht seo agus ligtear do chláir a bheith curtha in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair.*
**Ráiteas ón gcomhairliúchán**

*Ba chóir go gcuirfeadh an creat bonn maith le pleanáil i dtréimhse d'athruithe agus forbairtí móra in Ionaid Choinneála Leanaí.*
**Príomhoide ar Scoil Choinneála Leanaí**

*Creat iontach is ea seo chun deiseanna éagsúla i dtaobh taithí fhoghlama de gach aon saghas a thabhairt do réimse leathan daltaí.*
**Ráiteas ón gcomhairliúchán**

*Tá gá le samhail atá in ann riachtanais an fhoghlaimeora aonair a chur san áireamh mar thosaíocht agus mar bheartas oideachais agus tá fáilte roimhe chun caighdeánú a dhéanamh ar na prionsabail/an t-éiteas taobh thiar de na scoileanna seo. Déanfaidh sé ról an chomhordaitheora oideachais a fheabhsú ar thaobh na foirne a threorú, riachtanais aonánacha na bhfoghlaimeoirí a fhreagairt agus tuairisciú a dhéanamh do na rannpháirtithe.*
**Gairmí sláinte**

## Straitéis 4.5 Spreagadh a thabhairt agus tacú le leabú an oideachais idirchultúrtha sa churaclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna

### Tugtha chun críche in 2008

D'éascaigh an CNCM ceardlann ar oideachas idirchultúrtha do stiúrthóirí na n-ionad oideachais.

## Straitéis 4.6 Tacú le riachtanais na múinteoirí agus scoileanna atá ag obair le mic léinn a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu

### Tugtha chun críche in 2008

Cuireadh leagan athbhreithnithe de *English as an Additional Language: Guidelines for Teachers* ar fáil chomh maith le hábhar tacaíochta (msh. físeáin agus grianghraif) a bailíodh i scoileanna ar fáil i bhformáid idirghníomhach ar féidir brabhsáil a dhéanamh uirthi ar láithreán gréasáin ACTION.

Rinneadh ábhair thacaíochta do mhúinteoirí tacaíochta teanga sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil a bhí forbartha ag Integrate Ireland Language Training a chur ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM.

*Comhghairdeas ar an bhforbairt bhreise seo ar Threoirlínte [English as an Additional Language], tá na heiseamláirí seo - ach go háirithe na físeáin, an-úsáideach do mhúinteoirí ranga agus léachtóirí coláiste. Is acmhainn iontacha iad seo.*

**Léachtóir, Coláiste Oideachais**

## Straitéis 4.7 Tacú le haistriú éifeachtach na mac léinn ag gach pointe ón oideachas luath-óige chuig an mbunscoil, ón mbunscoil chun na hiar-bhunscoile, ón tsraith shóisearach chun na sraithe sinsearaí, agus ón oideachas iarbhunscoile chuig breisoideachas agus ardoideachas

### Tugtha chun críche in 2008

Mar chuid de *Thionscadal Mata*, tosaíodh ar nasc-chreat a fhorbairt ionas go mbeidh leanúnachas níos fearr idir matamaitic sa tsraith shóisearach agus matamaitic na bunscoile. Déanann an nasc-chreat na snáitheanna éagsúla den mhatamaitic sa bhunscoil a cheangal le hábhair i siollabas Matamaitice an Teastais Shóisearaigh.

Rinneadh stór de bhileoga eolais ar na hábhair éagsúla a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'aistriú daltaí ó rang a sé sa bhunscoil go dtí an chéad bhliain san iar-bhunscoil. Tugann na bileoga seo eolas dúinn faoi na hábhair éagsúla atá ar fáil sa tsraith shóisearach i bhformáid daite agus éasca le léamh agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM.

Chríochnaigh foireann i gColáiste Phádraig, Droim Conrach taighde ar thaithí daltaí san eolaíocht sa chéad bhliain iar-bhunscoile agus a smaointe ar na difríochtaí idir seo agus an taithí a fuair siad ag leibhéal na bunscoile. Bainfidh an Chomhairle leas as an eolas seo ina a cuid oibre ar aistriú.

Críochnaíodh an tuarascáil deiridh ar chomhairliúchán leis na scoileanna ar an dréacht den *Chreat um Threoir* i mí Mheán Fómhair.

*Is smaoineamh maith é an Creat um Threoir. Is féidir le scoil an chuid is mó den ábhar atá ann a leanúint agus ba cheart sin a dhéanamh.*
**Scoil a ghlac páirt, Comhairliúchán ar an gCreat-Curaclaim do Threoir**

## Straitéis 4.8 Cuir le rochtain fheabhsaithe, le haistriú agus le dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí ar fad chun cáilíochtaí scoilbhunaithe a ghnóthachtáil

### Tugtha chun críche in 2008

Mar chuid den athbhreithniú ar chur i bhfeidhm agus tionchar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí sa chéad cúig bliana dá shaol, threoraigh an CNCM próiseas comhairliúcháin agus foilsíodh tuarascáil earnáil na scoileanna. Rinneadh é seo i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Cuireadh ábhar na tuarascála seo i staidéar níos leithne a bhí á dhéanamh ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) a dhéanfaidh na moltaí deiridh a ardaíodh ón staidéar a chur ar fáil in 2009.

*Is réamhriachtanas é go mbeadh creat cáilíochtaí cuimsitheacha a fheabhsaíonn de réir a chéile i gcórais oideachais agus oiliúna chun tacú le prionsabal na foghlama ar feadh an tsaoil do gach aon duine agus roghanna foghlama agus deiseanna a fheabhsú dóibh siúd nach n-éiríonn leo buntáiste sásúil a bhaint ón oideachas agus ón oiliúint.*

**Ráiteas ó The implementation and impact of the National Framework of Qualifications: Tuarascáil earnáil na scoileanna (2008)**

# CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL 5

**A bheith rannpháirteach i dtaighde ábharthach agus é a choimisiúnú agus a athbhreithniú, ionas go bhfuil obair an CNCM comhlánaithe de réir dea-chleachtais maidir le curaclam, measúnacht agus foghlaim, agus ag tuiscint agus eispéiris atá ag teacht chun cinn maidir le hathruithe san oideachais.**

## Straitéis 5.1 Taighde a choimisiúnú chun tacú le straitéisí agus gníomhaíochtaí tosaíochta, agus torthaí an taighde seo a chomhtháthú in obair ar athbhreithniú agus forbairt curaclaim

### Tugtha chun críche in 2008

I mí na Bealtaine chuir foireann ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach an tuarascáil scoir ar fáil faoi Chéim 1 den taighde a rinne siad *Science in the Primary School*. Foilsíodh an tuarascáil ar líne.

I mí an Mheithimh 2008 chuir foireann taighde Choláiste Phádraig agus beirt d'fhoireann an CNCM dhá pháipéir i láthair faoin taighde agus faoi na sonraí faoi eolaíocht ó Chéim 2 an PCR ag comhdháil bhliantúil an Irish Association for Social Scientific and Environmental Education ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Foilsíodh *Well-Being and Post-Primary Schooling: a review of the literature and research*. Ba é an CNCM a choimisiúnaigh an taighde agus ba í an Dr Maeve O Brien, Coláiste Phádraig, Droim Conrach a stiúir an fhoireann taighde.

Rinne an Dr Delma Byrne agus an Dr Emer Smyth ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) taighde ar son an CNCM: *Parental Involvement in Post-Primary Education.*

Chríochnaigh foireann taighdeoirí ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta faoi cheannas an Dr Emer Smyth taighde ar son an CNCM ar aistriú go dtí an tsraith shinsearach.

## Straitéis 5.2 Rannpháirtíocht i dtionscnaimh taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun eolas a chur ar fáil maidir le hathbhreithniú agus forbairt leanúnach curaclaim

### Tugtha chun críche in 2008

Mar aon leis an taighde a choimisiúnaigh an CNCM a bhfuil cur síos air in áiteanna eile, ghlac an fhoireann páirt i líonraí oideachasúla éagsúla a thacaíonn le taighde. Ina measc siúd bhí tionscnamh CIDREE faoi oideachas speisialta, agus líonra Eorpach faoi mhúineadh agus foghlaim sa tsraith shinsearach.

## Straitéis 5.3 Deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar do bhaill foirne chun tacú le taighde reatha agus líonraí taighde ábharthacha

### Tugtha chun críche in 2008

Lean ceathrar ball foirne de staidéar iarchéime, a bhain le scileanna taighde a fhorbairt.

Bhí deiseanna ag an bhfoireann freastal ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ábhar a chur i láthair acu. I measc na gcomhdhálacha sin bhí cinn an British Educational Research Association, an European Early Childhood Education Research Association, Chumann Léann Oideachais na hÉireann, agus comhdháil taighde OMEP - the World Organisation for Early Childhood Education Ireland.

## Straitéis 5.4 Cinntiú go bhfuil na tuairiscí taighde agus ábhair acmhainne ábharthacha eile ar fáil agus inrochtana

### Tugtha chun críche in 2008

Foilsíodh *Primary Curriculum Review Phase 2 Final Report* ar líne i Mí na Bealtaine 2008. Seoladh cruachóipeanna den tuarascáil chuig na scoileanna go léir a raibh baint acu leis an athbhreithniú.

Seoladh *Well-Being and Post Primary Schooling: A review of the literature and research* i gColáiste Phádraig, Droim Conrach i Mí na Nollag 2008. An Dr Maeve O' Brien a bhí i gceannas ar an bhfoireann i gColáiste Phádraig a rinne an taighde. Emily Logan, an tOmbudsman do Leanaí, a sheol an tuarascáil.

Leanadh ar aghaidh ag forbairt ReSources, blag áiseanna an CNCM chun go mbeifear in ann tuarascálacha taighde a rochtain agus go mbeidh sé mar thairseach le haghaidh ábhar ar líne.

# CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL 6

**Struchtúir agus próisis a fhorbairt chun acmhainneacht, éifeachtacht agus cumarsáid chorparáide an CNCM a fheabhsú, agus chun an caidrimh idir an CNCM agus a páirtithe leasmhara a threisiú.**

## Straitéis 6.1 Leanúint le cultúr a chothú maidir le foghlaim agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar fud na heagraíochta

### Tugtha chun críche in 2008

Bhí an fhoireann rannpháirteach i réimse eachtraí forbartha gairmiúla chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis na sé Chuspóir Ardleibhéil. Bhain sé seo le hoiliúint bunaithe ar scileanna i réimsí mar chuntasóireacht agus airgeadas, TFC, forbairt Gréasáin, foilsiú agus cur i láthair. Ghlac an fhoireann páirt i roinnt comhdhálacha agus seimineár náisiúnta agus idirnáisiúnta agus chuir siad ábhair i láthair acu.

Chríochnaigh baill nua foirne clár ionduchtaithe. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár seo i lár na bliana de thoradh aiseolais ón bhfoireann.

Ghlac an fhoireann lánaimseartha páirt sa chéad thimthriall de Bhainistiú Feidhmíochta. Tugadh oiliúint 'díreach in am' don fhoireann mar thacaíocht don obair seo.

D'eagraigh an CNCM comhdháil i nDeireadh Fómhair, *Leading and Supporting Change,* le tacú le hobair an CNCM chun comhairle maidir le curaclam agus measúnacht a fhorbairt trí oibriú i ndlúth-chomhpháirtíocht le scoileanna agus le hionaid oideachais eile. Ba é an tOllamh James Spillane, ó Northwestern University, Chicago a thug an spreagaitheasc.

*Ba mhór an tairbhe an lá go léir óir bhí áthas ar dhaoine deiseanna a thapú le dul i dtaithí ar struchtúir an CNCM, ar a nósanna imeachta agus ar an gcabhair maidir le TF agus acmhainní ginearálta atá le fáil ... B'fhéidir go mba thairbheach an rud é doiciméad priontáilte a chur ar fáil le haghaidh ball nua foirne is a thabharfadh an cineál sin eolais dóibh 'a chaithfidh mé a a fháil amach' ... D'fháilteofaí roimh an leabhrán mar phointe tagartha go mór mór i rith an chéad chúpla mí.*

**Rannpháirtí, Clár ionduchtaithe foirne Mheán Fómhair**

*Bhí an seisiún a bhain le forléargas ar oideachas Iar-bhunscoile go hiontach. Ós rud é go bhfuil an oiread sin éagsúlachta ag baint le hobair an CNCM agus toisc go bhfuil an oiread sin tionscadal ar siúl ag an am céanna, is maith an rud é radharc iomlán a fháil ar chúrsaí nó a thuiscint go bhfuil a leithéidí ann ... ceann de na rudaí a thaitin liom ná bualadh leis an oiread sin daoine ón eagraíocht, aithne a chur orthu agus ainmneacha agus aghaidheanna a bhaineann le tionscadail agus le háiteanna éagsúla a aithint. Ba é an rud ba mhó a chuaigh i gcion orm maidir leis an eagraíocht ná an dearcadh dearfa a bhí ag gach duine ar an obair atá ar siúl.*
**Rannpháirtí sa chlár ionduchtaithe foirne Dheireadh Fómhair**

*Measaim gur pleanáladh agus gur leagadh amach go maith é agus gur cuireadh i láthair é ar bhealach ab fhurasta a leanúint. Lena chois sin bhí atmaisféar oscailte ann a chuir daoine ar a suaimhneas sa chaoi go raibh siad in ann ceisteanna a chur agus gan a cheapadh go raibh siad amaideach. Is é an trua nach raibh an deis sin agam i bhfad ó shin. Ba mhór an tairbhe dom an fhaisnéis a tugadh faoi cháipéisí a chur le chéile.*
**Rannpháirtí sa chlár ionduchtaithe foirne Dheireadh Fómhair**

*Tharraing an spreagchainteoir anuas roinnt ceisteanna dúshlánacha faoi athruithe a chur i bhfeidhm. Thug sé ábhar machnaimh go leor dúinn ... Ba leor dom na cainteoirí a roghnaíodh agus an teachtaireacht a thug siad chun mé a fhloscadh mar Oifigeach Oideachais faoina ndéanaimid agus ábhar machnaimh a thabhairt dom faoin chaoi a oibreoidh mé feasta chun leas a bhaint as an spreagadh sin agus leanúint ar aghaidh. Mo mhíle buíochas don fhoireann go léir as na laethanta iontacha sin a sholáthar dúinn.*
**Rannpháirtí ag Comhdháil an CNCM 2008**

*Bhain mé taitneamh as an gcomhdháil agus airím níos mó cumhachta ionam maidir le hathrú agus le hathrú a chothú ... Níos mó ceardlanna agus díospóireachtaí grúpa a bheith ann ... agus leas a bhaint as taithí agus scileanna níos mó daoine sa chaoi sin. Bhí réimse iontach cainteoirí ann. Ba mhaith liom cóip a bheith agam dá raibh á gcur i láthair acu le Powerpoint.*
**Rannpháirtí ag Comhdháil an CNCM 2008**

*D'fhreastail mé ar roinnt comhdhálacha na nOifigeach Oideachais agus ba é seo an ceann ba chomhtháite agus ab fhearr go dtí seo. Is maith liom an chaoi nach raibh laethanta na comhdhála líonta go hiomlán le léirithe agus le cainteanna fada. Bhí cothromaíocht dheas ann idir ionchur agus seisiúin cheardlainne.*
**Rannpháirtí ag Comhdháil an CNCM 2008**

## Straitéis 6.2 Beartais an ionaid oibre a chur i bhfeidhm agus luach a leagan ar rannpháirt na foirne ar fad maidir le reáchtáil agus forbairt na heagraíochta

### Tugtha chun críche in 2008

Chuaigh CNCM i ngleic le beartais an ionaid oibre i rith na bliana, lena n-áirítear:

- Earcaíocht agus roghnú
- Coinníollacha fostaíochta
- Dínit agus meas san ionad oibre
- Caidreamh idir fostóirí agus fostaithe

## Straitéis 6.3 Leanúint le feabhas a chur ar chaighdeán struchtúir chumasúcháin an CNCM agus ar na próisis chomhairliúcháin

### Tugtha chun críche in 2008

Lean an CNCM uirthi ag dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe i gcúrsaí oideachais faoi leasú curaclaim agus measúnachta. Rinneadh é sin trí chomhairliúcháin i scríbhinn, trí chruinnithe duine le duine, agus trí shuirbhéanna ar líne. Fuaireamar 684 freagra ar an gcomhairliúchán ar líne faoi chúig ábhar athchothromaithe an teastais shóisearaigh.

Ullmhaíodh dara heagrán de COMET lena fhoilsiú in Eanáir 2009.

Tá liosta iomlán le fáil in Aguisín 3, de chruinnithe na gcoistí agus na ngrúpaí oibre in 2008.

## Straitéis 6.4 Breis forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht TF an CNCM, ag teacht leis na teicneolaíochtaí is déanaí

### Tugtha chun críche in 2008

Cuireadh freastalaí seirbhísí teirminéal le córas an CNCM chun go mbeidh rochtain slán iomlán ag oifigí na Comhairle i bPort Laoise ar an bpríomhfhreastalaí. Chuir an freastalaí nua ar chumas daoine é a rochtain níos fearr nuair nach mbíonn siad ar an láthair.

Suiteáladh folíne iomlán teileafóin sna hoifigí i bPort Laoise agus feidhmíonn sé seo freisin mar fholíne ó chóras na n-oifigí i mBaile Átha Cliath.

Ceannaíodh breis crua-earraí agus bogearraí TF le go bhféadfaí leas níos mó a bhaint ag teicneolaíocht an ríomhaire chun obair an CNCM a dhéanamh agus a scaipeadh. Rinneadh athsholáthar ar ríomhairí deisce agus glúine áirithe, mar chuid d'uasghrádú leanúnach trealaimh.

Déantar cothabháil níos fearr ar TF trí thacaíocht scoite/ar líne a chur ar fáil agus trí chuairteanna a thabhairt ar an láthair.

## Straitéis 6.5 Úsáid na n-acmhainní airgeadais agus daonna a uasmhéadú chun riachtanais reachtaíochta a chomhlíonadh maidir le rialú corparáideach

### Tugtha chun críche in 2008

Ceapadh **plean oibre** do gach aonad ón bplean straitéiseach agus leagadh síos garspriocanna suntasacha. Rinneadh feidhmíocht a thomhas maidir leis na garspriocanna seo agus rinneadh iad a athbhreithniú gach sé seachtaine.

Lean baill foirne an CNCM ag **obair ar bhonn solúbtha** ar fhoirne tras-rannacha, agus ghlac siad le huaireanta agus socruithe oibre aitíopúla, ar mhaithe leis an eagraíocht.

Shínigh comhaltaí ar fad na Comhairle **dearbhuithe leasa** agus shínigh na fostaithe lánaimseartha nua ar fad **Cód Caighdeán agus Iompair** na Státseirbhíse.

Lean **córas tairiscintí iomaíocha** mar nós imeachta coitianta sna próisis soláthair an CNCM.

Chríochnaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais an CNCM do 2007, agus rinneadh tagairt fhabhrach d'obair rannán na gcuntas an CNCM

Cuireadh na riachtanais reachtaíochta ar fad i gcrích maidir le rialú corparáideach.

Leanann baill foirne an CNCM orthu riachtanais an chomhaontaithe I dTreo 2016 a bhaint amach.

*Bíodh is go bhfuil díomá orm nár glacadh le mo thairiscint, ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leat agus le d'fhoireann as an chúraim agus an aire a thug sibh don phróiseas tairisceana. Creidim go mba phróiseas cóir a bhí ann a thug an deis do gach duine an gnó a bhuachan.*

*Bhí sibh chomh tapa sin ag freagairt ceisteanna agus ag insint do daoine a d'fhéadadh tairiscintí a dhéanamh an chaoi ina raibh siad nach raibh orainn fanacht ar an nuacht.*

*Is mór an trua é nach gcaitheann na heagraíochtaí eile go léir le tairgeoirí leis an meas céanna sin a léirigh sibhse go soiléir.*

**Comhfhreagras ó dhuine a bhí páirteach sa chóras tairisceana**

## Straitéis 6.6 Ag ullmhú don dílárú go Cúil an tSúdaire

### Tugtha chun críche in 2008

D'fheistigh Oifig na nOibreacha Poiblí oifigí sealadacha i bPort Laoise don CNCM agus d'fhoireann an Bhinse Comhionannais. Thángthas ar chomhaontú leis an mBinse faoi roinnt seirbhísí agus áiseanna a roinnt le chéile agus d'ainmnigh gach gníomhaireacht duine le dul i mbun idirchaidrimh áitiúil.

Ghluais céad bhuíon ón CNCM ar a raibh ceathrar den bhfoireann riaracháin, Leas-phríomhfheimeannach, Stiúrthóir agus cúigear Oifigeach Oideachais go Port Laoise ar an Luan 25 Lúnasa 2008.

Tá dhá sheomra chruinnithe ar fáil agus bhí roinnt cruinnithe sna hoifigí i bPort Laoise ó mhí Lúnasa.

Níl aon chinneadh déanta fós maidir leis an dílárú chuig Cúil an tSúdaire a bhí beartaithe. Déanfar athbhreithniú ar an scéal in 2011.

## Straitéis 6.7 Tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn CNCM a phleanáil agus a thabhairt chun críche

### Tugtha chun críche in 2008

Foilsíodh tuarascáil bhliantúil 2007 i gcruachóip, ar CD, agus ar láithreán gréasáin an CNCM. Bhí sí as Gaeilge agus as Béarla.

## Straitéis 6.8 Straitéis cumarsáide atá cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

### Tugtha chun críche in 2008

Leanadh ar aghaidh i rith 2008 ag baint leasa níos mó as cumarsáid ar líne. Cuireadh cur chuige nua maidir le cúrsaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta i bhfeidhm.

## Straitéis 6.9 *info@ncca* a fhorbairt chun eolas a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus cleachtóirí luath-óige maidir le hobair leanúnach an CNCM, agus chun tacú le múinteoirí leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm

### Tugtha chun críche in 2008

Leanadh ar aghaidh ag scaipeadh **info@ncca** ar na scoileanna agus na hionaid oideachais go léir agus ar a lán eagraíochtaí gairmiúla. Foilsíodh 22,500 cóip de gach eagrán.

Rinneadh dul chun cinn maidir le pleananna chun leagan leictreonach amháin a scaipeadh in 2009.

Tiomsaíodh bunachar sonraí nua de sheoltaí ríomhphoist na scoileanna go léir.

*Tá líon iomlán díobh siúd atá sásta glacadh leis an leagan leictreonach de info@ncca méadaithe go 474*

*Sheol 37 scoil teachtaireachtaí ríomhphoist chuig newsletter@ncca.ie ag éileamh cóipeanna breise.*

## Straitéis 6.10 Ábhar a fhorbairt don láithreán gréasáin a d'fhéadfadh lucht léitheoireachta níos leithne é a rochtain

### Tugtha chun críche in 2008

Leanadh ar aghaidh ag obair ag forbairt trí láithreán gréasán, **www.ncca.ie, www.curriculumonline.ie** and **www.action.ncca.ie** agus na láithreáin as Gaeilge a fhreagraíonn dóibh.

Tuairiscíodh trácht ar na láithreáin - mar shampla - le linn mhí na Samhna: ncca.ie: 20, 265 aimsiú agus ba é 675 an meánráta laethúil; curriculumonline.ie: 13,997 aimsiú agus ba é 466 an meánráta laethúil; aimsíodh action.ncca.ie 1,001 uair agus ba é 33 an meánráta laethúil.

Rinneadh atheagrú ar an bhfoireann gréasáin inmheánaigh agus ceapadh eagarthóirí rannán, rinneadh socruithe faoi phrótacail agus shreabhadh na hoibre.

*Is mór an díol suntais é an láithreán gréasáin nua NCCA Action. Tá sé an-úsáideach óir cuireann sé go mór leis na hacmhainní atá ar fáil ag múinteoirí le cabhrú leo bheith ina ngairmithe réamhghníomhacha smaointeacha. Tá an fhaisnéis air struchtúraithe go maith agus is furasta í a rochtain. Tugann sé moltaí praiticiúla a ndearnadh machnamh maith orthu, agus is léir gur múinteoirí cruthaitheacha borrúla atá ag díriú ar phrionsabail an churaclaim a chur i bhfeidhm a chruthaigh é. Cuirfidh a lán múinteoirí spéis sna gníomhaíochtaí praiticiúla agus taitneoidh sé leo a shoiléire is atá siad agus an chaoi a bhfuil siad dírithe ar spriocanna áirithe. Ní hamháin go bhfuil moltaí praiticiúla leis na gníomhaíochtaí seo chun smaointe maithe a chur i bhfeidhm ach cuireann siad creat úsáideach ar fáil le cabhrú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh chun deiseanna maithe foghlama a cur ar fháil agus tairbhe a bhaint astu.*

**Robbie O' Leary, Bunscoil Shinsearach an Chroí Ró-Naofa, Cill an Ardáin, Baile Átha Cliath**

# Comhar le hearnálacha eile an chórais oideachais

## Cuspóirí Ardleibhéil 3 agus 6

Lean na feidhmeannaigh orthu i rith 2008 ag obair le hearnálacha eile sa chóras oideachais, ag tabhairt léirithe faoi obair an CNCM agus faoi cheisteanna reatha agus treochtaí sa churaclam agus sa mheasúnacht, agus ag tabhairt faisnéisithe d'eagraíochtaí a oibríonn leis an gComhairle agus le scoileanna agus le múinteoirí. Cé go mbaineann an obair seo go díreach leis na Cuspóirí Ardleibhéil 3 agus 6, cuireann sí le hobair na Comhairle freisin maidir le comhdhearcadh a chruthú i leith ceisteanna curaclaim agus measúnachta.

Tá breac-chuntas ar shampla de chuid de na léirithe a tugadh in 2008 le fáil sa Tábla thíos.

| EAGRAÍOCHT NÓ GRÚPA | TÉAMA AN CHUR I LÁTHAIR |
|---|---|
| Dealagáid na hAlbáine chun na hÉireann, Baile Átha Cliath, Bealtaine 2008. | Obair an CNCM agus forbairtí na Sraithe Sinsearaí |
| Lucht Tionólta Chumann na Meánmhúinteoirí, Baile Átha Cliath, Eanáir 2008 | Forbairtí reatha sa tsraith shinsearach iar-bhunscoile |
| Seimineár Chumann na Meánmhúinteoirí, Ionadaithe ar choistí an CNCM, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair 2008 | Soláthar Curaclaim agus Cáilíochtaí le haghaidh Daltaí le Míchumas Foghlama Ginearálta |
| Cumann Ionaid Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn (ATECI) Stiúrthóirí Ionad Oideachais. Ciarraí, Samhain 2008 Sligeach, Meán Fómhair 2008 | Treoirlínte an CNCM faoi Oideachas Idirchultúrtha. Tionscnamh Reatha an CNCM |
| Coiste Cúram Leanaí Chontae an Chabháin, An Cabháin Nollaig 2008 | *An Creat don Luath-Fhoghlaim* |
| Ionad do Dhaoine Óga Tréitheacha in Éirinn, Comhdháil Náisiúnta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Eanáir 2008 | *Exceptionally Able Students: Draft guidelines for teachers* |
| Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Baile Átha Cliath, Samhain 2008. | Forbairtí san Oideachas Luath-Óige i mBunscoileanna |
| Líonra um Oideachas Saoránachta | Príomhscileanna |
| Comhdháil Bhliantúil Chumann Oideachas Ríomhaireachta na hÉireann (CESI), Baile Átha Cliath, Feabhra 2008 | Múinteoirí ag úsáid TFC. Tionscadal Foghlaim Teanga le Cabhair Teileafón Póca (MALL). |
| Dáil na nÓg, Baile Átha Cliath, Feabhra 2008 | Leasú Oideachais agus Sláinte Mhothúchánach agus Mheabhrach do Dhaoine Óga |
| Cigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta Cruinniú Grúpa Réigiúnaigh, Gort, Meitheamh 2008. An Cabhán, Eanáir 2008 | Tacú le Measúnú chun Foghlama i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna. A Bhfuil i nDán don Fhoghlaim - Guthanna Múinteoirí agus Daltaí |
| Coiste Chúram Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2008 | *An Creat don Luath-Fhoghlaim* |
| Mic Léinn BA Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Feabhra 2008 | *An Creat don Luath-Fhoghlaim* |
| Seimineár Oideachas le Chéile, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2008 | Treochtaí sa Churaclam agus sa Mheasúnacht Iar-bhunoideachais |

| | |
|---|---|
| Oideachasóirí na Macadóine i gcomhar leis an bhForas Taighde ar Oideachas/An Scoil Oideachais Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Aibreán 2008 | Measúnú i mbunscoileanna na hÉireann |
| Comhdháil An Fhóraim Eorpaigh um Shaoirse san Oideachas, An Bhruiséil, Bealtaine 2008 | Glacadh páirte i gcollóiciam: Ó fhiosracht na luath-óige go luathfhágáil scoile |
| An Grúpa Saineolaithe um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN), Baile Átha Cliath, Feabhra 2008. | Tionscadal Mata - forléargas |
| Forbairt Naíonraí Teoranta, Comhdháil Bhliantúil, Áth Luain, Deireadh Fómhair 2008 | *An Creat don Luath-Fhoghlaim* |
| Coláiste Oideachais Froebel, mic léinn fochéime, Baile Átha Cliath, Aibreán 2008 | Treoirlínte do Mhúinteoirí Riachtanais Speisialta Oideachais |
| Roinn Oideachais Ghuatamala, Baile Átha Cliath, Aibreán 2008 | Obair an CNCM agus forbairtí na Sraithe Sinsearaí |
| Seimineáir faisnéise Líonra Príomhoidí Bunscoileanna na hÉireann (IPPN), Caisleán an Bharraigh agus Leitir Ceanainn, Meán Fómhair 2008 | Obair reatha an CNCM |
| Cumann na hÉireann um Múinteoirí Oideachais Speisialta, Comhdháil Bhliantúil, Baile Átha Cliath, Meitheamh 2008 | Cumasú Cumarsáide. Daltaí le Sár-chumas; Dréacht-treoirlínte do Mhúinteoirí |
| Cumann Matamaitice na hÉireann Cruinniú bliantúil an chumainn, Corcaigh, Meán Fómhair 2008 | Forbairtí in oideachas matamaitice iar-bhunscoile - Tionscadal Mata |
| Comhdháil Irish Maths Service Teaching, Léachtóirí matamaitice, Port Láirge, Bealtaine 2008. | Forbairtí in oideachas matamaitice iar-bhunscoile - Tionscadal Mata |
| Cumann Múinteoirí Éireann, Cúrsa Samhraidh Tús Luath, Baile Átha Cliath, Iúil 2008 | *An Creat don Luath-Fhoghlaim* |
| Cumann Gairmoideachais na hÉireann, Comhdháil Bhliantúil, Gaillimh, Meán Fómhair 2008 | Creat Curaclaim na Sraithe Sóisearaí le haghaidh daltaí a bhfuil RSO acu. Próifílí Forbartha Solúbtha<br>Athrú Curaclaim agus Cáilíochtaí: Breis cothromais nó tuilleadh den rud céanna |
| Irish Youth Justice Service (IYJS), Aibreán 2008 | Creat Curaclaim le haghaidh Leanaí faoi Choinneáil nó faoi Chúram |
| Jesuit Refugee Service (JRS) Education Office, Feabhra 2008 | Treoirlínte an CNCM faoi Oideachas Idirchultúrtha |

| | |
|---|---|
| Seirbhísí Oideachais Chiarraí, Deireadh Fómhair 2008 | Próifílí Foghlama Solúbtha |
| Cumann Leabharlann na hÉireann, Baile Átha Cliath, Samhain 2008 | Moladh go Muiníneach. Leabharlanna Poiblí agus Curaclam na Bunscoile: Ag Obair i gComhar le Chéile |
| Coláiste Oideachais Marino, Cúrsaí Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) ar líne, Baile Átha Cliath, Aibreán 2008<br>Mic léinn idir fhochéimithe agus chéimithe, Baile Átha Cliath, Nollaig 2008 | 'Saineolaí' Béarla mar Theanga Bhreise (EAL ) le haghaidh físeán ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)<br>Cad, Conas agus Cé an CNCM |
| Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Bunscoileanna, Cruinniú Craoibhe Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2008 | Céard, Cén Fáth agus Conas atá do leanaí ag fhoghlaim sa bhunscoil |
| Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Modhanna Múinte, Bealtaine 2008 | Príomhscileanna agus Forbairt Leanúnach Ghairmiúil |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO), Iúil 2008 | Creat Curaclaim le haghaidh Leanaí faoi Choinneáil nó faoi Chúram |
| Mic Léinn PGDE in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Aibreán 2008, Nollaig 2008 | Forbairtí na Sraithe Sinsearaí agus Príomhscileanna<br>Príomhscileanna agus foghlaim ghníomhach |
| Clár Tacaíochta an Churaclaim Bunscoile, Eanáir agus Márta 2008 | Measúnú sna Bunscoileanna |
| Seirbhís Forbartha Gairmiúil do Bhunscoileanna, (PPDS) Baile Átha Troim, Meán Fómhair 2008<br>Baile Átha Cliath, Samhain 2008<br>Baile Átha Cliath, Nollaig 2008 | Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, Céim 1 agus 2 agus láithreán gréasáin ACTION<br>Treoirlínte an CNCM faoi Oideachas Idirchultúrtha. An Béarla mar theanga bhreise: Treoirlínte do Mhúinteoirí |
| Region 6 Futures exchange, LDS, SDPI, SLSS, Meitheamh 2008 | Tionscadal an CNCM um phríomhscileanna |
| Scoil Samhraidh SDPI, Baile Átha Cliath, Lúnasa 2008 | Pleanáil Struchtúrtha: Measúnacht agus Pleanáil um Fhorbairt Scoile |
| Seirbhís Tacaíochta T4, Gaillimh, Aibreán 2008 | Measúnú chun Foghlama |
| Coiste Gairmoideachais-CEEOA. Comhdháil bhliantúil CEEOA, Port Láirge, Aibreán 2008 | Forbairtí in oideachas matamaiticiúil iar-bhunscoile - Tionscadal Mata |

Ní hamháin go raibh an fhoireann gníomhach maidir le cur i láthair a dhéanamh ag na ceardlanna sin ach léigh baill foirne páipéir nó thug siad spreagaithisc ag comhdhálacha agus ag seimineáir in Éirinn agus thar lear.  Tá roinnt samplaí díobh le fáil sa tábla thíos:

| SEIMINEÁR/COMHDHÁIL | TEIDEAL AN PHÁIPÉIR |
|---|---|
| Líonra Cúraim Leanaí Loch Garman, Loch Garman Amuigh faoin Aer, Tacú le Leanaí a dTimpeallacht Nádúrtha a Taiscéaladh, Márta 2008 | *The Framework for Early Learning: Promoting the physical and psychological well-being of children* |
| Cumann Léann Oideachais na hÉireann (ESAI), Comhdháil Bhliantúil, Márta 2008 | *Primary Curriculum Review, Phase 2*<br>*Making their voices heard: students perception of senior cycle teaching and learning* |
| An 18ú Comhdháil Idirnáisiúnta Chumann Taighde Oideachais Luath-Óige na hEorpa (EECERA), *Reconsidering the Basics in Early Childhood Education,* Stavanger, An Iorua, Meán Fómhair 2008 | *Symposium: Assessment in the Framework for Early Learning: Ireland's National Early Years Curriculum*<br>*The Framework for Early Learning – Ireland's national early years curriculum*<br>*Supporting early learning and development through formative assessment: what the literature says*<br>*Supporting early learning and development through assessment: guidelines for practice*<br>*Sharing assessment information with parents using Report Card Templates* |
| Comhdháil an European Education Research Association (EERA), an tSualainn, Meán Fómhair 2008 | *School Based Curriculum Development: The Irish Context*<br>*Curriculum development through the lens of three school based projects* |
| Comhdháil an Irish Association of Social, Scientific and Environmental Education (IASSEE), ScoTens, Béal Feirste, Meitheamh 2008 | *Primary Curriculum Review 2: Teachers' Experience with the Science Curriculum* |
| NQAI Consultative Forum on the NFQ Implementation and Impact Study, Samhain 2008 | *The implementation and impact of the National Framework of Qualifications: Report of the School Sector* |
| Comhdháil OMEP, Cherishing Childhood, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Aibreán 2008 | *The Framework for Early Learning – background and contents* |

| | |
|---|---|
| Comhdháil Quest, Toronto, Samhain 2008 | *Unlocking Learning: Key skills, teachers and learners; an Irish experience* |
| Seimineár Náisiúnta an National Childcare Investment Programme, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2008 | *An Creat don Luath-Fhoghlaim* |
| An Tríú Siompóisiam faoi PISA, Aibreán 2008 | PISA Science and Junior Certificate Science – first cousins or distant relatives? |

## Léirithe na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) 2008

Thug foireann oideachais ESRI na léirithe seo a leanas i rith 2008 agus iad ag baint leas as taighde ar chuir an CNCM páirtmhaoiniú ar fáil dó.

Key influences on academic performance within lower secondary education: a longitudinal analysis, ag comhdháil bhliantiúil an American Educational Research Association, Nua Eabhrac, Márta.

Seimineár oideachais in Ollscoil Luimnigh The experiences of students in junior cycle, Aibreán

Comhdháil Cuibhreannas Taighde na gColáistí Oideachais, The experiences of Junior Certificate students, Baile Átha Cliath, Samhain

Comhdháil na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais Moving through the junior cycle: findings from the ESRI longitudinal study, (dhá sheisiún), Gaillimh, Nollaig.

# AGUISÍNÍ

## AGUISÍN 1

**Is féidir coimriú a dhéanamh mar seo a leanas ar fheidhmeanna mionsonraithe na Comhairle reachtúla faoi réir téarmaí An Acht Oideachais, 1998:**

- an curaclam do scoileanna nó aon chuid den churaclam sin, agus na siollabais a mhúintear, a athbhreithniú ó am go ham agus comhairle a thabhairt don Aire;
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le modhanna cuí chun éifeachtacht an oideachais a chuirtear ar fáil i scoileanna a mheasúnú, ag féachaint go háirithe do mheicníochtaí trína bhféadfar mic léinn a bhfuil fadhbanna acu i dtaca lena bpoitéinseal a bhaint amach a shainaithint a luaithe is indéanta agus trína bhféadfar cabhrú leo;
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le straitéisí a chabhróidh le mic léinn aistriú gan stró ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil;
- comhairle a thabhairt don Aire ó am go ham maidir leis na caighdeáin eolais agus scileanna is ceart do mhic léinn ag aoisleibhéil éagsúla a bhaint amach agus maidir leis na meicníochtaí chun gnóthú na gcaighdeán sin a mheasúnú, ag féachaint do chaighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta agus do dhea-chleachtas i ndáil leis an measúnacht sin;
- riachtanais oiliúna inseirbhíse múinteoirí a athbhreithniú ó am go ham, lena n-áirítear riachtanais de dhroim curaclaim, ábhair nó siollabais nua a thabhairt isteach i scoileanna, agus comhairle a thabhairt don Aire i ndáil leis na riachtanais sin;
- comhairle a thabhairt don Aire maidir leis na riachtanais, ó thaobh curaclaim agus siollabas, atá ag mic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu;
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh agus úsáid na Gaeilge i scoileanna;
- airgead agus sócmhainní uile na Comhairle a chothabháil, a bhainistiú, a riaradh agus a infheistiú;
- taighde agus forbairt san oideachas a chur chun cinn agus an taighde agus an fhorbairt sin a sheoladh nó a choimisiúnú i gcás inar cuí sin ag féachaint dá cuspóirí agus dá feidhmeanna;
- comhionannas rochtana ar an oideachas i gcoitinne agus ar theagasc in aon ábhair ar leith, ag mic léinn fhireannacha agus mic léinn bhaineannacha, a chur chun cinn;
- bronntanais airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais agus coinníollacha, más ann, a shonróidh na deontóirí, ar choinníoll nach bhfuil aon ní contrártha don Acht seo in aon iontaobhas nó coinníoll, agus
- gach aon ghníomh agus rud a dhéanamh is gá chun cuspóirí na Comhairle a chur ar aghaidh, lena n-áirítear cibé feidhmeanna a ordóidh an tAire ó am go ham i ndáil le hathbhreithniú agus leasú an churaclaim i scoileanna agus le measúnú thorthaí an oideachais a chuirtear ar fáil i scoileanna.

# AGUISÍN 2

## Foireann an CNCM

Seo a leanas a an fhoireann lánaimseartha i rith 2008:

**Príomhfheidhmeannach**

- An Dr Anne Looney

**Leas-Phríomhfheidhmeannaigh**

- John Hammond
- An Dr Sarah FitzPatrick
- Arlene Forster (cáil ghníomhach ó 1 Bealtaine)

**Stiúrthóirí, Curaclam agus Measúnacht**

- Arlene Forster (go dtí 30 Aibreán)
- Peter Johnson (go dtí 31 Deireadh Fómhair)
- Bill Lynch
- Hal O'Neill
- Majella O'Shea
- Kathryn Crowley (ó 1 Meán Fómhair)

**Riarachán**

- Paul Brady, Príomhoifigeach Cúnta
- Denise Harris, Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- Jackie O'Brien, Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- Morgan Lockhart, Oifigeach Feidhmiúcháin
- Patricia Cassidy Oifigeach Cléireachais
- Bernie Gallagher, Oifigeach Cléireachais
- Ursula Corcoran, Oifigeach Cléireachais
- John Connors, Oifigeach Seirbhísí
- Roy McMullen, Oifigeach Seirbhísí
- Ultan Macken, Oifigeach Cléireachais Sealadach
- Angela Farrell, Oifigeach Cléireachais Sealadach
- Maeve Stokes, Oifigeach Cléireachais Sealadach (ó 28 Aibreán)

**Oifigigh Oideachais**

- Majella Dempsey
- Susan Dennison
- John Halbert
- Katrina Keogh
- Pierce Nolan
- Clíona O'Keeffe
- Janet Rooney
- Anna Walsh
- Rachel Linney (ó 14 Eanáir)
- Noel Loftus (ó 1 Meán Fómhair)
- Judith Ní Mhurchú (ó 1 Meán Fómhair)
- Shane Scanlan (ó 1 Meán Fómhair)
- Maire Riney (ó 29 Meán Fómhair)

**D'fhostaigh an CNCM na hOifigigh Oideachais seo a leanas ar bhonn páirtaimseartha nó ócáideach:**

**An Luath-Óige agus Bunoideachas**

- Karin Bacon, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) Tíreolaíocht
- Paul Brennan, Oideachas Ealaíon: Drámaíocht
- An Dr Mary Daly, Oideachas Luath-Óige
- An Dr Lorraine Harbison, Measúnacht
- Frances Murphy, Corpoideachas
- Regina Murphy, Oideachas Ealaíon: Ceol
- Geraldine O'Connor, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) Stair
- Valerie O'Dowd, Matamaitic

**Oideachas Iar-bhunscoile**

- Silvia Bertoni, Teangacha
- Sarah Bonar, Corpoideachas
- Paul Brennan, Ceol
- Colette Brophy, Eacnamaíocht Bhaile
- Cahil Doherty, Grafaic Theicniúil/Líníocht Theicniúil

- John Dredge, Stair
- Brendan Duane, Ceimic
- Brian Farley, Ábhair Chlasaiceacha
- Lorraine Gillespie, Oideachas Reiligiúnach
- Ger Halbert, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- Michael Halton, Fisic/ Ceimic (le chéile)
- Annette Honan, Oideachas Saoránachta, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Idirchultúrachas
- Bríd Kennedy, Riachtanais Speisialta Oideachais
- Pat Lynch, Innealtóireacht
- John McCarthy, Nua-theangacha
- Celine McGuinness, Staidéar Gnó
- An tSiúr Enda McMullen, Ealaín
- Deirdre Matthews, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Kevin Maume, Bitheolaíocht
- John Mulcahy, Tíreolaíocht
- Declan O'Neill, Béarla
- Noel O' Neill, Staidéar Foirgníochta/Teicneolaíocht Ailtireachta
- An Dr Roland Tormey, Oideachas Sóisialta agus Polaitiúil
- Pat Younger, Eacnamaíocht

# AGUISÍN 3

**Liosta de Chruinnithe na gCoistí 2008**

| COISTE | IOMLÁN |
|---|---|
| **An Luath-óige agus Bunoideachas** | |
| Coiste na Luath-Óige | 4 |
| Coiste Luath-óige agus Bunoideachais | 7 |
| Coiste Teanga Bunscoile | 3 |
| Grúpa Oibre um Mheasúnacht Bunscoile | 3 |
| **An tSraith Shóisearach** | |
| Coiste Athbhreithnithe na Sraithe Sóisearaí | 6 |
| Ealaín sa tSraith Shóisearach | 3 |
| Staidéar Gnó sa tSraith Shóisearach | 5 |
| OSSP sa tSraith Shóisearach | 2 |
| Béarla sa tSraith Shóisearach | 1 |
| Staidéar Comhshaoil sa tSraith Shóisearach | 1 |
| Coiste Comhairleach FÓN sa tSraith Shóisearach | 3 |
| Gaeilge sa tSraith Shóisearach | 6 |
| Tíreolaíocht sa tSraith Shóisearach | 1 |
| Eacnamaíocht Bhaile sa tSraith Shóisearach | 3 |
| Stair sa tSraith Shóisearach | 2 |
| Teicneolaíocht Ábhar Adhmad sa tSraith Shóisearach | 1 |
| Matamaitic sa tSraith Shóisearach | 9 |
| Miotalóireacht sa tSraith Shóisearach | 1 |
| Ceol sa tSraith Shóisearach | 3 |
| Grafaic Theicniúil sa tSraith Shóisearach | 4 |
| Teicneolaíocht sa tSraith Shóisearach | 1 |
| **Tras-earnálach** | |
| Coiste Stiúrtha um Oideachas Speisialta | 2 |
| Coiste Aonaid Ardtacaíochta agus Scoileanna Coinneála | 2 |
| Coiste na nGearrchúrsaí | 2 |
| Coiste na nIdiraonad | 3 |

| COISTE | IOMLÁN |
|---|---|
| **An tSraith Shinsearach** | |
| Coiste na Sraithe Sinsearaí | 6 |
| Bitheolaíocht sa tSraith Shinsearach | 3 |
| Ceimic sa tSraith Shinsearach | 5 |
| Eacnamaíocht sa tSraith Shinsearach | 1 |
| Gaeilge sa tSraith Shinsearach | 8 |
| Matamaitic sa tSraith Shinsearach | 8 |
| Corpoideachas sa tSraith Shinsearach | 2 |
| Fisic sa tSraith Shinsearach | 2 |
| Creideamh sa tSraith Shinsearach | 2 |
| Líníocht Theicniúil sa tSraith Shinsearach | 2 |
| Teicneolaíocht sa tSraith Shinsearach | 1 |
| Coiste an Idiraonaid | 3 |
| Coiste na nGearrchúrsaí | 2 |
| **Boird Staidéar** | |
| Bord Staidéar um na hEalaíona agus na Daonnachtaí | 2 |
| Bord Staidéar um na Clasaicí | 6 |
| Bord Staidéar um Matamaitic | 5 |
| Bord Staidéar um na hEolaíochtaí | 4 |
| **Líon iomlán na gcruinnithe i rith 2008** | **135** |

# AGUISÍN 4

## SLEACHTA AS RÁITIS AIRGEADAIS AN CNCM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

Cuntasóirí: Bank of Ireland
Lr. Baggot Street
P.O. Box 3131
Dublin 2

Accountants: Crowleys DFK
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

Réamhrá: De réir m'oibleagáidí faoin gCód Cleachtais um Rialachas dearbhaím i dtaca le bliain airgeadais 2008:

- go bhfuil na gnásanna iniúchóireachta inmheánaí (mar atá leagtha amach in Aguisín A, cuid 4 den Chód) i bhfeidhm
- gur géilleadh do na nósanna imeachta soláthair mar a leagtar amach iad sa Chód
- nár tharla aon diúscairt sócmhainní nó teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe
- nach raibh aon tograí um chaiteachais chaipitiúil ag an CNCM
- gur géilleadh do bheartas an Rialtais maidir le pá na bPríomhfheidhmeannach agus gach fostaí de chuid an CNCM
- nár íocadh aon táillí stiúrthóra le comhaltaí na Comhairle
- gur chomhlíon an CNCM gach oibleagáid dá cuid faoi na dlíthe cánach.

Ar son na Comhairle

**Dr Tom Collins**
*Cathaoirleach*

12 Márta, 2009

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

| | Nótaí | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ioncam eile | 1 & 1a | 4,820,591 | 3,941,714 |
| Aistriú chuig an/(ón) gcuntas caipitil | 6 | 12,964 | 23,705 |
| | | 4,833,555 | 3,965,419 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirn | 2 | 3,100,215 | 3,166,995 |
| Riarachán | 7 | 1,533,240 | 2,023,527 |
| | | 4,633,455 | 5,190,522 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **200,100** | **(1,225,103)** |
| (Easnamh) barrachas carntha amhail ar 31 Nollaig | | (174,497) | 1,050,606 |
| | | 25,603 | (174,497) |

Ní raibh aon ghnóthachán nó caillteanas ag an gComhairle sna blianta airgeadais seachas iad siúd a ndéileáltar leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 - 12.

Ar son na Comhairle

**Dr Anne Looney**
*Príomhfheidhmeannach*

**Dr Tom Collins**
*Cathaoirleach*

12 Márta, 2009

## CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2008

| | Nótaí | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | 3 | 58,666 | 71,630 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead Tirim sa Bhanc | | 33,924 | 23,983 |
| Féichiúnaithe | 4 | 40,306 | 37,606 |
| | | 74,230 | 61,589 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 5 | (48,627) | (236,086) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 25,603 | (174,497) |
| **Glansócmhainní** | | **84,269** | **(102,867)** |
| **Arna Mhaoiniú Ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 6 | 58,666 | 71,630 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 25,603 | (174,497) |
| | | **84,269** | **(102,867)** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 - 12

Ar son na Comhairle

**Dr Anne Looney**
*Príomhfheidhmeannach*

**Dr Tom Collins**
*Cathaoirleach*

12 Márta, 2009

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **1** | **Ioncam** | | |
| | Deontais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta | **4,749,000** | **3,939,123** |
| | Áirítear na deontais seo a leanas sna méideanna thuas: | | |
| | • Deontas taighde ón Aonad Comhionannas Inscne, ROE | - | 91,123 |
| **1a** | **Ioncam eile** | **71,591** | **2,591** |
| | Áirítear na deontais seo a leanas sna méideanna thuas: | | |
| | • Foras na Gaeilge, MALL | 17,500 | |
| | • Foras na Gaeilge, FÓN | 50,000 | - |
| | • Oifig an Ombudsman do Leanaí | 3,750 | - |
| | • Ús ar thaiscí | 341 | 2,591 |

**2 Costais foirne**

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| Tá costais foirne na Comhairle comhdhéanta de | € | € |
| • Tuarastail agus pá | 2,645,947 | 2,657,616 |
| • Taisteal agus cothabháil | 303,412 | 340,730 |
| • Fógraíocht earcaíochta | 30,289 | 46,320 |
| • Forás foirne, costais sláinte agus sábháilteachta | 120,567 | 122,329 |
| | **3,100,215** | **3,166,995** |

Ba é an meánmhéid fostaithe a bhí ag an gComhairle le linn an tréimhse ná 35 (36 in 2007).

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

| 3 | Sócmhainní Seasta | F&F Oifige | Trealamh Oifige | Trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Costas** | € | € | € | € |
| | 1 Eanair 2008 | 62,774 | 77,254 | 213,461 | 353,489 |
| | Breiseanna | 1,007 | 6,982 | 26,909 | 34,898 |
| | Amhail ar 31 Nollaig 2008 | **63,781** | **84,236** | **240,370** | **388,387** |
| | **Dímheas** | | | | |
| | 1 Eanáir 2008 | 31,789 | 63,727 | 186,343 | 281,859 |
| | Muirear don tréimhse | 6,378 | 7,869 | 33,615 | 47,862 |
| | Amhail ar 31 Nollaig 2008 | **38,167** | **71,596** | **219,958** | **329,721** |
| | **Glanluach Leabhar** | | | | |
| | Ar 31 Nollaig 2008 | **25,614** | **12,640** | **20,412** | **58,666** |
| | Ar 31 Nollaig 2007 | 30,985 | 13,527 | 27,118 | 71,630 |

| 4 | Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | Réamhíocaíochtaí | 40,306 | 37,606 |
| | | **40,306** | **37,606** |

| 5 | Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | Creidiúnaithe gnó | 20,899 | 164,151 |
| | Creidiúnaithe eile | 1,039 | 6,443 |
| | Fabhruithe | 26,689 | 65,492 |
| | | **48,627** | **236,086** |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

| | | 2008 | 2008 | 2007 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|
| **6** | **Cuntas Caipitil** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| | Iarmhéid ar 1 Eanáir | | 71,630 | | 95,335 |
| | Aistriú (chuig)/ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | | | | |
| | Cistí do cheannacht sóchmhainní seasta | 34,898 | | 7,390 | |
| | Díluachái l de réir dímheas sóchmhainní | (47,862) | (12,964) | (31,095) | (23,705) |
| | Iarmhéid ar 31 Nollaig | | 58,666 | | 71,630 |

| | | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| **7** | **Caiteachas** | **€** | **€** |
| | Costais Riaracháin | | |
| | Rátaí cíosa, slándáil agus stóráil | 349,755 | 339,594 |
| | Trealamh oifige agus deisiú agus cothabháil | 48,671 | 46,875 |
| | Teileafón, postas, stáiseanóireacht | 130,798 | 173,629 |
| | Fruiliú seomraí agus lónadóireacht | 60,297 | 56,413 |
| | Cuntasaíocht | 16,620 | 16,307 |
| | Iniúchadh | 17,790 | 19,660 |
| | Taillí bainc | 1,196 | 453 |
| | Teicneolaíocht faisnéise | 71,638 | 161,111 |
| | Fógraíocht ghinearálta | 4,050 | 22,588 |
| | Leabhair thagartha, doiciméid agus síntiúis | 12,528 | 19,021 |
| | Solas agus teas | 15,569 | 20,012 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

| | | |
|---|---|---|
| Glantachán | 48,584 | 48,300 |
| Costais chomhdhála | 13,789 | 17,933 |
| Tionscadail speisialta | 151,000 | 50,920 |
| Foilseacháin | 239,228 | 655,678 |
| Táillí taighde | 303,865 | 343,938 |
| Dímheas | 47,862 | 31,095 |
| | 1,533,240 | 2,023,527 |

### 8 Leasa chomhaltaí na Comhairle

Ghlac an Chomhairle nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i dtaca le nochtadh leas ag comhaltaí na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbheart ann sa bhliain i dtaca le gníomhaíochtaí na Comhairle tairbheach ag comhaltaí na Comhairle.

### 9 Léas oibriúcháin

Tá comhaontú tionóntachta 25 bliain ag Oifig na nOibreacha Poiblí ón 13 Lúnasa, 1998 i ndáil le léas do lóistín oifige an CNCM ag 24 Cearnóg Muirfean. €235,300 an cíos bliantúil agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa 5 bliana.

Tá comhaontú tionóntachta 4 bliain agus 9 mí ag Oifig na nOibreacha Poiblí ón 16 Eanáir, 2007 i ndáil le léas do lóistín oifige an CNCM ag 24A Cearnóg Muirfean (The Mews). Is é a cíos bliantúil ná €68,210.

### 10 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil amhail ar 31 Nollaig 2008.

### 11 Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dhliteanas teagmhasach ann amhail ar 31 Nollaig 2008.

### 12 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 12 Márta 2009.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA
CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA
24 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: +353 1 661 7177
Facs: +353 1 661 7180
R-phost: info@ncca.ie
Láithreán Gréasáin: www.ncca.ie

NATIONAL COUNCIL FOR
CURRICULUM AND ASSESSMENT
24 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland.

Telephone: +353 1 661 7177
Fax: +353 1 661 7180
E-Mail: info@ncca.ie
Website: www.ncca.ie

Designed and Produced by catalysto